



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013

## UACHTARÁN

An tUasal Tom Considine  
Iar-Ardrúnaí  
An Roinn Airgeadais

## LEAS-UACHTARÁIN

Eddie Breen  
Donal Connell  
Martin Fraser  
Owen Keegan

Dermot McCarthy  
Ambrose McLoughlin  
Tony O'Brien  
Geraldine Tallon

John Tierney  
Robert Watt

## COMHALTAÍ AN BHOIRD

Donal Connell (Cathaoirleach)  
Niamh O'Donoghue (Leas-Chathaoirleach)  
Brian Cawley (Ard-Stiúrthóir)  
Patricia Byron (Scortha an 4 Meán Fómhair 2013)  
Raymond Dolan  
Des Dowling (Scortha an 15 Aibreán 2013)  
Breedha Doyle  
David Feeney  
Jim Fleming (Ceaptha an 23 Márta 2013)

Connie Kelleher  
Michael Malone (Ceaptha an 2 Bealtaine 2013)  
John McCarthy (Ceaptha an 6 Meán Fómhair 2013)  
Brian Nolan  
Peter Nolan  
Barry O'Brien (Scortha an 4 Feabhra 2013)  
Martin O'Halloran (Ceaptha an 29 Samhain 2013)  
Frances Spillane  
John Tierney (Scortha an 15 Aibreán 2013)

## FOCHOISTÍ AN BHOIRD

### AN COISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE

Donal Connell (Cathaoirleach)  
Brian Cawley  
Des Dowling (Scortha an 15 Aibreán 2013)  
Breedha Doyle  
David Feeney

Michael Malone (Ceaptha an 2 Bealtaine 2013)  
John McCarthy (Ceaptha an 6 Meán Fómhair 2013)  
Barry O'Brien (Scortha an 4 Feabhra 2013)  
John Tierney (Scortha an 15 Aibreán 2013)

### AN COISTE RIARACHÁIN

Niamh O'Donoghue (Cathaoirleach)  
Patricia Byron (Scortha an 4 Meán Fómhair 2013)  
Brian Cawley

David Feeney  
Peter Nolan

### AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Raymond Dolan (Cathaoirleach)  
Brian Cawley  
Jim Fleming (Ceaptha an 23 Márta 2013)  
Connie Kelleher

Brian Nolan  
Peter Nolan  
Frances Spillane

## COISTÍ AN FHORAIS

### AN COISTE OIDEACHAIS

Frank Murray (Cathaoirleach)  
Brian Cawley  
Dermot Clynes  
David Cowhig  
Tony Donohoe

John Harper  
Aidan Horan  
Mark Kehoe  
Ian McKenna  
Martina Moloney

Michael Mulreany  
Jack Nolan  
Moling Ryan  
John Twomey  
Noel Waters

### AN COISTE FOILSITHEOIREACHTA LEABHAR

Maurice Manning (Cathaoirleach)  
Richard Boyle  
John Curry  
Dónal de Buitléir

Tom Fennell  
Paul Haran  
Blathna Ruane



An Fóras Riaracháin  
(Tuarascáil Bhliantúil 2013)

---

# AN FORAS RIARACHÁIN



57- 61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4  
Teil + 353 1 240 3600  
Facs + 353 1 668 9135


R-phost [information@ipa.ie](mailto:information@ipa.ie)  
Idirlíon [www.ipa.ie](http://www.ipa.ie)

# CLÁR

An Fóras Riaracháin  
(Clár)

---

BROLLACH	05
TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA	07
OIDEACHAS	10
TAIGHDE	13
OILIÚINT & FORBAIRT	16
SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA	19
SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE & FAISNÉISE	22
FOILSITHEOIREACHT	24
DÁMHACHTAINÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA	26
FOR-ROCHTAIN	29
RIALACHAS & RIRACHÁN AN FHORAIS	31
FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS	36
NA RÁITIS AIRGEADAIS	39
BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS	61





# BROLLACH



# BROLLACH

An Foras Riaracháin  
(Brollach)

Fógraíodh deireadh oifigiúil clár tarrthála an AE-CAI d'Éirinn i mí na Nollag agus is den chéad uair ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta atá orainn faoi láthair a bhí comharthaí dóchais le feiceáil ar eacnamaíocht na tíre le linn 2013. Mar sin féin leanadh den gcoigeartú síos ar an gcaiteachas poiblí agus chuir an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in iúl go bhfuil gá le tuilleadh bearta táirgiúlachta agus astarraingt costais sa tseirbhís poiblí.

Dá thoradh sin thángthas ar Chomhaontú Bhóthar Haddington i mí Bhealtaine 2013 inar moladh tuilleadh gearradh siar ar phá seirbhíseach poiblí. Lena chois sin treisíodh sa Chomhaontú áfach, go dtabharfaí faoi shlite oibre nua, athstruchtúrú agus athruithe earnála. Níl amhras ar bith ná gur chuir seirbhísigh poiblí go mór le téarnamh eacnamaíocht na hÉireann i bhfianaise na ndúshlán a bhí rompu mar thoradh ar laghdú acmhainní, freagrachtaí breise agus an brú a chuir an t-athrú orthu.


Tá ról fíorthábhachtach ag an bhForas Riaracháin i gcónaí agus é ag tacú leis an tseirbhís poiblí agus le seirbhísigh poiblí chun go n-éireoidh leo na coigeartuithe seo a dhéanamh i gceart. In aimsir gur ar éigin a bhí aon deiseanna ag seirbhísigh poiblí ar d'ardú céime a fháil nó dul chun cinn a dhéanamh áfach, bhí tábhacht ar leith ag baint leis na cláir forbartha agus leis na seirbhísí a chuir an Foras ar fáil. Ba ábhar misnigh é nár tháinig aon laghdú ar an tinreamh i réimse leathan cláir an Fhorais agus gur tháinig méadú ar chuid acu fiú amháin, le linn na bliana seo caite.

Tá níos mó brú ar acmhainní, daoine san áireamh, agus is mór an dúshlán i gcónaí ardleibhéal cáilíochta a choinneáil sa tseirbhís poiblí. D'ainneoin sin bhí ar chumas an Dr Richard Boyle, Ceann Taighde ag an bhForas, a thuairiscíú ina thuairisc bhliantúil ar threochtaí sa tSeirbhís Phoiblí *Public Sector Trends* go bhfuil feabhas tagtha ar ionad na hÉireann faoi roinnt táscairí cáilíochta le linn 2013 agus bhain sé de thátal as 'nach beag an t-éacht é roinnt feabhsuithe ar cháilíocht seirbhísí poiblí a thabhairt faoi deara i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile sna cúinsí atá againn faoi láthair'.

Is féidir na feabhsuithe a baineadh amach a chur síos go mór mór do thiomantas na seirbhíseach poiblí seirbhísí den scoth a sheachadadh don phobal, ach ní hé sin amháin; tá siad tiomanta leis, dá bhforbairt fhadtéarmach féin. Idir bhaill shóisearaigh agus bhaill shinsearaigh den lucht saothair poiblí lena n-áirítear foirne a oibríonn faoin spéir, foirne riaracháin agus foirne gairmiúla, táthar ag cur níos mó spéise sna deiseanna a chuireann an Foras ar fáil dul chun cinn a dhéanamh agus sainoiliúint a fháil trí fhreastal ar chlár oideachais agus ar chlár forbartha eile le linn na bliana seo caite. Má chuimhnítear go mbíonn formhór de mhic léinn an Fhorais ag freastal ar chúrsaí ag an deireadh seachtaine agus istoíche agus iad ag obair go lánaimseartha ag an am céanna is maith a thaispeánann sin go bhfuil siad meáite ar a rannchuidiú leis an tseirbhís poiblí a mhéadú an oiread is féidir.

Ag teacht leis an gcomhairle a thug sé dá gcliaint thionscain an Foras mórchlár athraithe roinnt blianta ó shin. Rinneadh é sin a dhaingniú tuilleadh le linn na bliana seo caite. Dá thoradh sin laghdaíodh an líon foirne agus laghdaíodh ár gcostais phá agus neamhphá. Lean an Whitaker School of Government and Management uirthi ag feidhmiú mar chroílár i dtaobh teagaisc acadúil, taighde agus seirbhísí foilsitheoireachta. Comhlánaíodh é sin trí rannpháirtíú praiticiúil sa phróiseas athchóirithe ar fud na seirbhíse poiblí le cabhair comhairleoireachta agus oiliúna mar aon le clár beoga seimineár agus comhdhálacha a bhaineann le hábhar. Thug saíneolaithe as Éirinn agus as tíortha thar lear cainteanna ag na hócáidí sin.

Amháin na seirbhíse poiblí i gcoitinne, rinne an Foras níos mó comhdhlúthú le linn na bliana seo caite, comhdhlúthú ar chúrsaí airgeadais san áireamh. Faoi dheireadh na bliana ba léir áfach, go raibh toradh ag teacht ar an iarracht agus an bhfuinneamh a cuireadh isteach i dtreo nua agus cruth nua a thabhairt dár gcuid seirbhísí agus ar athchóiriú ár gcóras inmheánach. Tá bonn fóna cruthaithe ag an bhForas faoin am seo i gcomhair fáis agus forbartha amach anseo. Baineadh sin amach i gcúinsí a bhí thar a bheith deacair a bhuíochas lenár mbainistíocht agus lenár bhfoireann agus molaim go mór iad as na hiarrachtaí a rinne siad.



DONAL CONNELL  
Cathaoirleach



FRANCES RUANE,  
Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde Eacnamaí  
agus Sóisialta agus Cathaoirleach ar  
Chomhdháil Náisiúnta an Fhorais 2013,  
*Maintaining the Momentum: Reform Priorities  
After the Troika Programme* (An Dul chun Cinn  
a choimeád ar siúl: Tosaíochtaí an Athchóirithe  
i ndiaidh Clár na Triúracha).



DONAL CONNELL  
Cathaoirleach



# TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA



# TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

An Foras Riaracháin  
(Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra)

Ba é téama ár gcomhdhála bliantúla i mbliana ná *Maintaining the Momentum: Reform Priorities After the Troika Programme*, teideal a thug achoimre snasta ar nádúr na ngníomhaíochtaí a chuir an Foras ar siúl le linn 2013 chun tacú lenár gcliaint ar fud na seirbhíse poiblí agus ar an obair atá á díriú againn i gcónaí ar athrú agus ar fhorbairt inmheánach.

Mar cheann dá phríomhthosaíochtaí thar an cúig bliana de chúlú eacnamaíochta atá thart tá an Foras ag tacú leis an tseirbhís phoiblí agus le seirbhísigh phoiblí agus iad i mbun na coigeartuithe a dhéanamh a bhfuil gá leo chun athchóirithe a chur i ngníomh. Bhí tábhacht ar leith ag baint lenár bpáipéir taighde den tsraith 'State of the Public Service' chun comhthéacs agus paraiméadair don athrú a leagan síos agus chun bunús fianaise a sholáthair a stiúrfaidh an próiseas athchóirithe. Le linn na bliana d'fhoilsigh ár bhfoireann taighde tuarascáil dar theideal *Progress Report on Public Service Reform* ina ndearnadh an dul chun cinn atá déanta go dtí seo a mheas agus a chuir béim ar réimsí nach mór dúinn díriú isteach orthu sa chéad chéim eile. Ina theannta sin foilsíodh páipéar taighde tábhachtach a thug measúnú tráthúil ar acmhainn agus inniúlacht in earnáil an rialtais áitiúil i bhfianaise na n-athruithe atá ag teacht ar ról na hearnála seo.


Bíonn a lán mac léinn ag tabhairt faoinár gcláir oideachais gach bliain le roinnt blianta anuas, rud a léiríonn gur tábhachtach le seirbhísigh phoiblí a gcuid eolais agus a cuid scileanna a chur chun cinn mar ullmhúchán chun glacadh le rólanna agus le freagrachtaí nua. Bhí éileamh ar leith ar na cláir iarchéime i mbliana agus mheall ár bpríomhchlár Dochtúireachta i Rialachas a sholáthraíomar i gcomhar le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath mic léinn as Éirinn agus as tíortha thar lear.

I bpróiseas athchóirithe na seirbhíse poiblí atá ar siúl faoi láthair cuirtear a lán béime ar bhreis éifeachtúlachta. Áirítear air seo forluí agus dúbailt a laghdú agus feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí poiblí trí theicneolaíochtaí nua a úsáid. Thacaigh an Foras Riaracháin go díreach leis an bpróiseas i roinnt comhlachtaí rialtais lárnaigh agus áitiúil a bhí ag cumasc nó a raibh athruithe móra eile á ndéanamh orthu ach ina theannta sin thacaigh sé go hindíreach leis an bpróiseas athchóirithe trí bheith ag tógáil cumais chun athrú a bhainistiú agus a chur i ngníomh go rathúil. Dá bhrí bhí móréileamh ar fhorbairt ceannaireachta, bainistiú feidhmíochta, dea-rialachas agus ar fhorbairt cur chuige níos sofaisticiúla i leith bainistiú airgeadais le linn 2013, tráth a mhéadaigh a lán eagraíochtaí seirbhíse poiblí a n-éileamh ar a leithéid de sheirbhísí den chéad uair le cúig bliana.

Bhí ról ag an bhForas Riaracháin i gcónaí maidir le hacmhainn an riaracháin phoiblí a chur chun cinn i dtíortha eile. Tugann sin deis dúinn deachleachtas i seirbhís phoiblí na hÉireann a thaispeáint. Le linn na bliana bhíomar mar óstaigh do chuairteanna staidéir ó Údarás na Sualainne um Bhainistiú Airgeadais, d'oibríomar go dlúth le Scoil Réigiúnach um Riarachán Poiblí sna Balcáin Thiar, bhíomar mar óstaigh do chruinnithe Scoileanna Eorpacha Riaracháin Phoiblí mar chuid d'uachtaránacht AE na hÉireann a mhair ar feadh sé mhí, agus leanamar orainn ag forbairt ár gcuid clár oideachais agus intéirneachta sa tSín, sna SA agus in áiteanna eile.



BRIGID LAFFAN,  
Stiúrthóir, Ionad Ardstaidéar Robert Schuman  
(Centre for Advanced Studies), ag caint ag  
Comhdháil Náisiúnta an Fhorais Riaracháin,  
*Maintaining the Momentum: Reform Priorities  
After the Troika Programme.*



DAVID FARRELL, AOI ONÓRA  
Ollamh le Polaitíocht ag Coláiste Ollscoile  
Bhaile Átha Cliath agus Uachtarán an  
Chomhlachais um Staidéar Polaitiúil in Éirinn  
(Political Studies Association of Ireland)  
ag seoladh *Reforming Political Institutions:  
Ireland in Comparative Perspective.*



Leanamar orainn ag díriú isteach ar ár gcuid seirbhísí agus ár struchtúir a shruthlíniú taobh istigh dár n-eagraíocht. Próiseas is ea é a thosaigh roinnt blianta ó shin agus a bhfuil laghdú costais suntasach mar thoradh air. Bíodh agus gur laghdaíodh an caiteachas ar oideachas agus oiliúint sa tseirbhís phoiblí go mór le cúig bliana anuas d'éirigh leis an bhForas Riaracháin barrachas beag a thaifeadh den cheathrú bliain as a chéile. In aimsir ina bhfuil athdhaingniú chomh dian sin ar siúl is ionann sin agus éacht mór ar fianaise é ar thacaíocht ár gcliant, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe san áireamh, an rannchuidiú dearfach a dhéanann ár bhfoireann agus an chomhairle chríonna a chuireann ár gCathaoirleach agus ár mBord orainn.

I 2013 chuir an Foras Riaracháin leis an bhfuinneamh a choinnigh an t-athchóiriú leanúnach ar fud na seirbhíse poiblí ar siúl tríd an oideachas, an taighde agus trí sheirbhísí eile a chur ar fáil ach de bhreis air sin choinnigh sé dul chun cinn an athraithe agus na forbartha laistigh den bhForas féin ar siúl.



BRIAN CAWLEY  
Ard-Stiúrthóir



BRIAN CAWLEY  
Ard-Stiúrthóir

# OIDEACHAS





# OIDEACHAS

Is é an Foras Riaracháin an t-aon sholáthraí speisialtóra oideachais don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí oideachais an Fhorais i aimsir seo na n-athruithe suntasacha sa tseirbhís phoiblí. Tá d'aidhm ag ár gcuid clár sainscileanna agus saineolas a sholáthar, chomh maith le tuiscint leathan ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus deis dul chun cinn a dhéanamh ó dhámhachtainí leibhéil 6 suas go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tá ár gcuid clár ceaptha leis, chun seirbhís sholúbtha shaincheaptha a chur ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh do mhic léinn atá ag obair go lánaimseartha agus chun tacú leo. Sa chomhthéacs seo tá tábhacht ar leith le tacaíocht ar líne do mhic léinn anois.

Ar feadh tréimhse an chúlú eacnamaíochta a bhí againn le déanaí níor tháinig aon athrú ar an líon daoine a thug faoi chlár oideachais an Fhorais – go deimhin, tháinig fás ar chuid acu ag an leibhéal iarchéime, agus lean an scéal ar aghaidh mar seo i 2013.

## CLÁIR CHREIDIÚNAITHE DE CHUID OLLSCOIL NÁISIÚNTA NA HÉIREANN AGUS COLÁISTE OLLSCOILE BHAILE ÁTHA CLIATH

Idir 2001 agus 2011 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. In 2011 rinneadh Coláiste aitheanta de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath de. Gheobhaidh mic léinn a chláraigh i gclár oideachais i Meán Fómhair 2011 cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag COBÁC. Tabharfaidh mic léinn a chláraigh sna blianta roimhe sin a gcáilíochtaí chun críche faoi chreidiúnú Ollscoil na hÉireann.

Bhí an searmanas bronnta maidir le cláir a bhí creidiúnaithe ag OÉ ar siúl ar an 13 Nollaig 2013, tráth ar bronnadh céimeanna ar 236 céimí.

Reachtáladh an searmanas bronnta le haghaidh mac léinn an Fhorais Riaracháin a d'fhreastail ar chlár mháistreachta agus ar chlár fhochéime dioplóma dhá bhliana a bhí creidiúnaithe ag COBÁC ar an 13 Nollaig 2013 chomh maith, tráth a bronnadh a gcuid céimeanna ar 510 mac léinn. Bronnadh teastais ó COBÁC ar 340 mac léinn de bhreis air sin.

Thar an bhliain acadúil 2012/2013 thairg an Foras sraith de chlár fhochéime agus iarchéime a chuimsigh gach leibhéal ó leibhéal 6 go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

## CLÁIR FHOCHÉIME

Tairgeadh na príomhchlár, is iad sin an Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) agus an Baitsiléir Staidéar Gnó (Onóracha), i dtír mhodh seachadta difriúla: léachtaí sa bhForas Riaracháin, léachtaí in ionaid réigiúnacha agus trí chianoideachas/foghlaim chumaisc.

In 2012/2013 tairgeadh seacht gcinn de speisialachais ar an Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) agus ceithre cinn ar an gclár Baitsiléir Staidéar Gnó (Onóracha).

Ina theannta sin thairg an Foras réimse clár teastais agus dioplóma idir Dhlí agus Staidéar Ríomhaireachta agus idir Bhainistíocht Rialtais Áitiúil agus Staidéar Aontais Eorpaigh. Bhí ábhairín níos mó ná 1000 mac léinn rannpháirteach inár gcuid clár fhochéime.

## CLÁIR IARCHÉIME

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár MA an Fhorais, agus bronntar Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, roghnaíonn na mic léinn sainréimse agus tá sé cinn ar fáil dóibh. Ba é líon iomlán na mac léinn ar na cláir MA in 2013 ná tuairim is 200 mac léinn.

## An Foras Riaracháin (Oideachas)



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna OÉ an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Maeve Byrne, John Fenlon, Sinead Brennan agus Aoife O'Driscoll.



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna OÉ an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Aidan Horan, Stiúrthóir, Acmhainní Daonna, Seirbhísí TF agus Airgeadais, agus Seirbhísí Forbartha Gnó, An Foras Riaracháin; Tom Considine, Uachtarán, An Foras Riaracháin; Derek Tierney, buaiteoir duaise, Teastas Gairmiúil Rialachais; agus Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin.



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna OÉ an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Evelyn Roberts, Albert Roberts agus Georgina Baker.

## An Foras Riaracháin (Oideachas)

---

Clár dhá bhliana is ea an Mháistreacht Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Pholaitiúil. Bronntar Diplóma Iarchéime in Anailís Pholaitíochta ag deireadh na chéad bhliana. Déanann mic léinn staidéar ar roinnt ábhar a bhaineann le beartas sa chéad bhliain agus bíonn siad ag obair ar a gcuid tráchtas feidhmeach sa dara bliain. In 2013 chláraigh trí mhac léinn déag sa chlár agus bhain naonúr céim amach tar éis an clár a chríochnú go rathúil.

Cuireadh tús leis an gClár Máistreachta i nGnó agus Bainistíocht i mí Mheán Fómhair 2011. Clár páirtaimseartha dhá bhliana is ea an MEol seo. Bhain an chéad dream céimithe a gcuid céimeanna amach i mí na Nollag 2013. Cláraíodh grúpa nua de chúig mhac léinn is seasca i mí Mheán Fómhair 2013.

Clár a mhaireann ar feadh bliana amháin is ea an Teastas Gairmiúil i Rialachas. Bhí fiche mac léinn cláraithe sa chéad ghrúpa a thug faoin gcúrsa agus chláraigh beirt is fiche an chéad uair eile.

Cuireadh tús leis an gclár dochtúireachta sa Rialachas in 2003, agus bronnadh céimeanna ar na chéad chéimithe in 2006. Idir 2003 agus 2011 bhí an clár á thairiscint i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. In 2011 ghlac an Foras le socrú nua chun an clár a chur ar fáil i gcomhar le COBÁC. In 2013 bhí cúigear mac léinn is tríocha cláraithe sa chlár dochtúireachta.

AN DR MICHAEL MULREANY  
Ard-Stiúrthóir Cúnta



AN DR MICHAEL MULREANY  
Ard-Stiúrthóir Cúnta



# TAIGHDE



# TAIGHDE

An Foras Riaracháin  
(Taighde)

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomanta ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. Sa bhliain 2013 leanadh ar aghaidh le sraith taighde an Fhorais Riaracháin ar Staid na Seirbhíse Poiblí, sraith ar cuireadh tús leis i 2010. Leis an tionscnamh seo, leantar an t-athrú ó bhonn ar an tseirbhís poiblí agus soláthraítear léargas atá bunaithe ar fhianaise ar athruithe ar an tseirbhís poiblí, rud a éascaíonn cion rithábhachtach an Fhorais Riaracháin sna meáin agus gníomhaíochtaí eile a dhéanann an Foras. Tá sé seo ag teacht leis na cuspóirí straitéiseacha a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar 'ghuth' an Fhorais maidir le gnéithe lárnacha de chlár oibre an athraithe ó bhonn, seasamh an Fhorais a fhorbairt maidir le gnéithe lárnacha den athrú ó bhonn agus cur le clú an Fhorais mar fhoinsé saineolais ar athchóiriú na hearnála poiblí. Faoin tsraith seo foilsíodh dhá thuarascáil in 2013:

## • TREOCHTAÍ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ 2013

Is í an tuarascáil seo, ina ndéantar treochtaí i bhforbairt na hearnála poiblí a chíoradh, an cheathrú tuarascáil dár sraith bhliantúil. Is é atá ar intinn ná cabhrú chun bonn eolais a chur faoin díospóireacht faoin earnáil poiblí agus faoi riarachán poiblí in Éirinn agus faoin ról atá acu i sochaí na hÉireann. Úsáidtear sonraí ó roinnt foinsí éagsúla agus cuirtear eolas i láthair faoi mhéid agus costas na hearnála poiblí, faoi cháilíocht an riaracháin poiblí, faoina éifeachtúlacht agus a feidhmíocht agus faoin leibhéal muiníne agus iontaofachta ar chuma shimplí atá dian mar sin féin. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

[http://www.ipa.ie/pdf/Public\\_Sector\\_Trends\\_2013.pdf](http://www.ipa.ie/pdf/Public_Sector_Trends_2013.pdf)

## • SPREAGADH SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Sa tuarascáil seo déantar a chíoradh cén tionchar a imríonn an próiseas athchóirithe reatha ar an tseirbhís poiblí mar aon le comhthéacs níos leithne an athchóirithe ar spreagadh na seirbhíseach poiblí. Ina theannta sin aithnítear slí ina bhféadfadh bainisteoirí seirbhíse poiblí spreagadh na bhfostaithe a choinneáil beo i dtimpeallacht dheacair chun go bhfeabhsódh sé idir mheánma agus fheidhmíocht. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

<http://www.ipa.ie/pdf/PublicServiceMotivation.pdf>

## • OIRIÚNACH DON bhFEIDHM? TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN AN ATHCHÓIRITHE SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Nuair a d'fhoilsigh an Foras a pháipéar taighde Fit for Purpose? in 2011, bhí ar intinn againn cur leis an chéad chéim eile d'athchóiriú na seirbhíse poiblí trí roinnt príomhdhúshlán atá roimh an riarachán poiblí in Éirinn agus roinnt réimsí tosaíochta ina bhfuil gá le hathrú a aithint. Sa pháipéar seo caithimid súil siar ar na dúshlán atá mínithe in Fit for Purpose? agus déanaimid an dul chun cinn atá déanta le dhá bhliain anuas a mheas. In aimsir ina bhfuil na meáin ag tabhairt aird gan stad gan staonadh tá níos mó gá ná riamh le fianaise shlán chun a chruthú cad atá ag athrú i ndáiríre sa tseirbhís poiblí. Is é is aidhm don pháipéar seo ná na réimsí a aithint ina bhfuil dul chun cinn á dhéanamh agus aird a tharraingt ar na háiteanna ina bhfuil níos mó dul chun cinn nó tionscnaimh nua ag teastáil. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

[http://www.ipa.ie/pdf/Fit\\_For\\_Purpose\\_Pp9\\_June2013.pdf](http://www.ipa.ie/pdf/Fit_For_Purpose_Pp9_June2013.pdf)

Faoin tsraith thaighde 'Rialtas Áitiúil' foilsíodh trí thuarascáil eile in 2013:

## • RIALTAS ÁITIÚIL A ATHRÚ ÓN mBONN ANÍOS

Sa tuarascáil seo díritear ar nuáil sa rialtas áitiúil. Déantar samplaí dea-chleachtas nuálaíochta as Éirinn agus as tíortha eile araon a chíoradh agus foghlaimítear ceachtanna maidir le cur chuige chun cultúr na nuálaíochta a spreagadh laistigh den rialtas áitiúil. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

[http://www.ipa.ie/pdf/IPA\\_TRANSFORMING\\_LOCALGOV\\_NOV13.pdf](http://www.ipa.ie/pdf/IPA_TRANSFORMING_LOCALGOV_NOV13.pdf)





• **RIACHTANAIS ACMHAINNE AGUS INNIÚLACHTA SA RIALTAS ÁITIÚIL**

Sa tuarascáil seo pléitear cúrsaí mar atá siad i láthair na huaire agus riachtanais a mheastar a bheidh ag rialtais áitiúla amach anseo ó thaobh scileanna agus acmhainne a bheidh ag teastáil ón eanáil seo. Féachtar ar na riachtanais acmhainne agus inniúlachta i gcomhthéacs ról agus feidhmeanna an rialtais áitiúil atá ag athrú, i dteannta próifíl daoine eanáil an rialtais áitiúil atá ag athrú. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

[http://www.ipa.ie/pdf/CAPACITY&COMPETENCY\\_SEPT2013.pdf](http://www.ipa.ie/pdf/CAPACITY&COMPETENCY_SEPT2013.pdf)

• **STRUCHTÚR AN RIALACHAIS FO-NÁISIÚNTA IN ÉIRINN ATÁ AG ATHRÚ**

Bí na meáin ag díriú a n-airde ar chruth agus ar ról an rialachais áitiúil le déanaí ach níor leagadh mórán béime ar fhorbairtí reatha agus ar fhorbairtí beartaithe atá ag dul i bhfeidhm ar chomhlachtaí poiblí áitiúla agus réigiúnacha nach dtoghtar. Sa pháipéar seo, atá ag tógáil ar shuirbhé ar chomhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn a d'fhoilsigh an Foras in 2007, breathnaítear tírdhreach an rialachais fo-náisiúnta in Éirinn mar atá sé i láthair na huaire agus ardaítear roinnt ceisteanna a bhaineann le clár oibre an athchóirithe. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

[http://www.ipa.ie/pdf/LocalGov\\_RS\\_No4.pdf](http://www.ipa.ie/pdf/LocalGov_RS_No4.pdf)



Rinne an fhoireann taighde obair i réimsí eile chomh maith in 2013, mar seo a leanas:

- Obair a dhéanamh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le treoachtaí idirnáisiúnta in athchóiriú na seirbhíse poiblí;
- Teastas agus Diplóma i Staidéar Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit a sheachadadh;
- Eagarthóireacht ar iris an Fhorais, *Administration*;
- Comhoibriú le hOifig Réigiúin na hÉireann maidir le deich n-eagrán den *EU News Bulletin*, (Feasachán Nuachta an AE) a tháirgeadh chomh maith le dhá eagrán den *Local Authority Times* a fhoilsiú mar chuid de sheirbhís fhaisnéise d'údarais áitiúla ar fud na bliana ar fad;
- Rannchuidiú le clár Oideachais & Oiliúna an Fhorais Riaracháin agus ag feidmiú mar mhaoirseoirí agus marcóirí tráchtais ar chlár iarchéime;
- Foilseachán acadúla in irisí idirnáisiúnta agus ag cur le leabhair idirnáisiúnta faoi bhainistiú poiblí.



AN DR RICHARD BOYLE  
Ceann Taighde

AN DR RICHARD BOYLE  
Ceann Taighde

# OILIÚINT & FORBAIRT



# OILIÚINT & FORBAIRT

An Foras Riaracháin  
(Oiliúint agus Forbairt)

Bhí éileamh seasmhach i gcónaí ar sheirbhísí oiliúna agus forbartha i réimsí speisialtóra na ceannaireachta agus na bainistíochta, an rialachais, na cuntasáíochta agus an airgeadais eárnála poiblí, na hiniúcháireachta, na teicneolaíochta faisnéise agus na bainistíochta acmhainní daonna in ainneoin srian a bheith ar bhuiséid oiliúna agus forbartha na hearnála poiblí.

Bhí saineolaithe an Fhorais rannpháirteach i gcónaí i soláthar seirbhísí oiliúna, comhairle, tacaíochta agus comhairleachta do mhórán eagraíochtaí éagsúla a bhfuil athstruchtúrú agus atheagrú á dhéanamh orthu mar chuid den bpróiseas athchóirithe ginearálta, eagraíochtaí sa rialtas lárnach, sa rialtas áitiúil chomh maith le heagraíochtaí leath-stáit san áireamh. Is é a áiríodh ar réimse leathan na gcúramaí ná obair le príomhfheidhmeannaigh agus foirne sinsearach chun pleananna straitéiseacha dá n-eagraíochtaí a ullmhú agus a thabhairt cothrom le dáta agus dul i mbun próisis chomhairleachta agus rannpháirtíochta le príomhluchtanna leasa. Lena chois sin rinneadh athbheithnithe maidir le comhlíonadh, inniúlacht agus acmhainn. De bhreis air sin cuireadh tacaíocht ar fáil trí roinnt imeachtaí a bhaineann le gnéithe den gclár athchóirithe a éascú.

Bhí an Foras ag obair le roinnt ranna agus gníomhaireachtaí rialtais chun sraith clár oiliúna saindeanta a reáchtáil lena n-áiríodh Dlí Riaracháin, Forbairt Gráid, Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta, Bainistíocht Airgeadais agus Bainistíocht Riosca.

Bhí éileamh nár bheag ar an gClár um Dhúshlán Ceannaireachta (Leadership Challenge Programme) a bhí dírithe ar sheirbhísigh phoiblí sinsearach agus é ceaptha chun inniúlacht ceannaireachta a fhorbairt a thacóidh le hathrú ón mbonn aníos san riarachán poiblí. Cuireadh dhá chlár ar siúl le linn 2013. D'fhreastail bainisteoirí sinsearach ó gach earnáil den tseirbhís phoiblí ar an gclár - rialtas lárnach agus áitiúil agus na hearnálacha leath-stáit, sláinte agus oideachais san áireamh. Seachadtar an clár i gcomhar le Cambridge Leadership Associates, MA, a chorpraíonn foireann shinsearach ón John F. Kennedy School of Government ag Ollscoil Harvard agus baill foirne ó Scoil Ghnó Warwick, Ollscoil Warwick.

Mheall an Clár Ceannaireachta i Rialtas Áitiúil (Leadership in Local Government Programme), ar athbheithníodh a fhoráid, iarrthóirí éagsúla ardacmhainne ó ocht gcinn d'údarás áitiúla ó cheann ceann na hÉireann. I bhfianaise na gcúinsí eacnamaíochta atá againn i láthair na huairé bhí an clár dírithe ar luach poiblí a sheachadadh trí cheannaireacht oiriúnaitheach i dteannta le cur chuige fíor-tharraingteach ina raibh na rannpháirtithe ag foghlaim conas dul i mbun gnímh maidir le dúshlán atá roimh na heagraíochtaí.

In 2013 bhí éileamh suntasach ar oiliúint i mbainistíú feidhmíochta a thug an Foras. Reáchtáil sé imeachtaí oiliúna saincheaptha ina raibh breis is 1,600 bainisteoir/athbheithneoir agus baill foirne/daoine a ndearnadh athbheithniú orthu rannpháirteach i 11 údarás áitiúil san iomlán. Bhí éileamh láidir ar an gClár Oiliúna Reachtáíochta i Rialtas Áitiúil i gcónaí ar fud eárnáil an rialtais áitiúil an bhliain ar fad agus is mar sin don Oiliúint in MS Office agus don gcúrsa ar Fhoréigean ag an Obair a Chosc agus a Bhainistíú.

Bhí bliain ghnóthach ag an bhFóram Rialachais in 2013 agus lean sé air ag forbairt agus ag leathnú mar fhreagra don iliomad saincheist a bhaineann le rialachas agus leis na dúshlán atá le sárú ag na baill. Bhí a lán saincheisteanna na linne seo maidir le cúrsaí rialachais ar an bhféilire. Áirítear orthu *Economic Governance - The Troika and After?*; *Service Level Agreements*; *Media, Communications and Managing Reputation*; *Governance and Building Trust*; *Roles and Responsibilities of Board Members*; *Audit Committees*; *Risk Management*; and *Outsourcing and Shared Services*. (Rialachas Eacnamaíochta - An Troika agus Ansin?; Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse; Na Meáin, Cumarsáid agus Bainistíú Clú; Rialachas agus Muinín a thógáil; Ról agus Freagrachtaí Baill an Bhoird; Coistí Iníúcháireachta; Bainistíú Riosca; agus Seachfhoinsí agus Seirbhísí Roinnte). Cuireadh roinnt sainimeachtaí ar fáil do bhaill leis, lena n-áirítear saincheist thráthúil na bpinsean agus na n-obleagáid dlíthiúla, rialála agus rialachais a ghabhann leo, chomh maith le himeacht do bhaill bhoird faoi bhainistíú airgeadais agus tuairisciú airgeadais na linne seo.





Ar chlár na n-imeachtaí áiríodh an Chomhdháil Dhea-Rialachais bhliantúil a reáchtáladh i mí Bhealtaine agus a phléigh an téama Rationalising State Agencies (Gníomhaireachtaí Stáit a chuíchóiriú). Chuir na daoine seo a leanas leis imeacht seo: Robert Watt, Ardúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Michael Whitehouse, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Oifig Iníúcháireachta Náisiúnta na RA; An Dr Eddie Molloy; Patricia Byron, Príomhfheidhmeannach InjuriesBoard.ie; An Dr Olive Braiden, Cathaoirleach, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann; agus David O'Connor, Bainisteoir Contae Fhine Gall. Bhí John Horgan, Cathaoirleach, Bord na Móna, agus Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir an Fhorais mar chathaoirleach ar an gcomhdháil.

Lena chois sin chabhraigh foireann an Fhórait Rialachais le mórán eagraíochtaí trí athbhreithnithe neamhspleácha a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí dlí, rialála agus rialachais, le hathbhreithnithe ar éifeachtúlacht boird, ar impleachtaí córais bhainistiú riosca, le measúnú boird agus coistí boird, le meastóireachtaí cumais agus le seirbhísí gaolmhara mar aon le comhairle ar shaincheisteanna rialachais éagsúla.

Lean an Foras air ag tairiscint clár do bhallraíocht fhoirmiúil comhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear an Mediators' Institute of Ireland (MII) (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) an Chartered Institute of Personnel and Development (CIPD) (Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt) agus an Chartered Institute of Public Finance and Accountancy (CIPFA) (Institiúid Chairte Airgeadais Phoiblí agus Cuntasáiochta Poiblí). Bhí ár gclár seanbhunaithe ar eadráin san áit oibre ag mealladh a lán rannpháirtithe i gcónaí. Is í Institiúid Eadránaithe na hÉireann a thugann creidiúnú don gclár seo. Thosaigh an ceathrú babhta den gclár Teastas Bunleibhéil i gCleachtas Acmhainní Daonna ag deireadh 2013, agus leis an Diplóma Bunleibhéil de chuid na hInstitiúide Chairte um Phearsanra agus Forbairt tairgtear cosán ar aghaidh dóibh siúd a bhaineann teastas amach. De bhreis air sin cuireadh tús leis an Diplóma Bunleibhéil i gCleachtas Foghlama agus Forbartha ag deireadh 2013 mar chosán chun leanúint ar aghaidh dóibh siúd a chríochnaíonn clár Teastas Bunleibhéil na hInstitiúide Chairte um Phearsanra agus Forbairt a thosaigh in 2012.

Ba í 2013 an bhliain ba rathúla go dtí seo a bhí ag an tsraith seimineár Forbartha Gairmiúla Leantáí do chuntasóirí agus gairmithe airgeadais na hearnála poiblí a thairgtear i gcomhar leis na comhlachtaí cuntasáiochta gairmiúla ACCA (Comhlachas Cuntasóirí Chairte Creidiúnaithe) agus CIPFA (Institiúid Chairte Airgeadais Phoiblí agus Cuntasáiochta Poiblí). I mbliana, tugadh cuireadh do bhaill den chomhlacht cuntasáiochta gairmiúil CIMA (Institiúid Chairte Cuntasóirí Bainistíochta) chun páirt a ghlacadh sa tsraith agus fuair gach ball a d'fhreastail ar na seimineáir pointí CPD/CPE as ucht a bheith rannpháirteach agus freastal orthu. Sna himeachtaí a cuireadh ar siúl in 2013 pléadh *Audit, Insolvency and Risk*, agus *Financial Reporting and Accountability: What the Future Holds for the Public Sector*. (Iníúchadh, Dócmhainneacht agus Riosca agus Tuairiscíú agus Cuntasacht Airgeadais: Cad atá i ndán don Eanáil Phoiblí).

Cuireadh tús le sraith nua de sheimineáir in 2013 i gcomhar le hInstitiúid Chairte Iníúcháirí Inmheánacha (brainse na hÉireann). Tá an tsraith dírithe ar phearsanra atá ag obair ag gach leibhéal de ghairm na hiniúcháireachta inmheánaí san eanáil poiblí in Éirinn agus tá ar intinn aici fóram díospóireachta a chur ar fáil faoi na forbairtí sa ghairm i leith na seirbhíse poiblí. Úsáideadh an chéad sheimineár a reáchtáladh i mí na Nollag 2013, chun plé a dhéanamh leis, ar shaineolas gairmiúil agus teicniúil a chomhlíonann na caighdeáin reatha.

Lean an Mháistreacht Eolaíochta in Eolaíocht Ríomhaire trí Fhoghlaim Idirbheartach - Sruth Néalríomhaireachta agus an clár Máistreacht Eolaíochta in Eolaíocht Ríomhaire a chuirtear ar fáil i gcomhar le COBÁC orthu ag mealladh mac léinn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Lena chois sin cuireadh oiliúint TF agus seirbhísí tacaíochta TF ar fáil i réimsí ar nós fíorúlaithe agus néalríomhaireachta de bhreis ar oiliúint níos traidisiúnta don úsáideoir deiridh.

Go hachomair, lean seirbhísí oiliúna, forbartha agus comhairleachta an Fhorais orthu ag forbairt le linn 2013 chun tacú le daoine aonair agus le heagraíochtaí sa tseirbhís poiblí maidir le tabhairt faoi dhúshláin. Leanfaimid orainn ag soláthar seirbhísí saincheaptha den scoth trínár bhfoireann saineolaithe thiomnaithe.

# SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA



# SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA

An Foras Riaracháin  
(Seirbhísí Idirnáisiúnta)

---

In 2013 bhí ról straitéiseach ag Seirbhísí Idirnáisiúnta i gcónaí i ndáil le tionscadail idirnáisiúnta agus bhí sé ina óstach do roinnt cláir staidéir inar tugadh deis do bhainisteoirí sinsearacha ó thíortha eile a gcuid eolais ar athchóiriú na hearnála poiblí agus ar phríomhréimsí eile den riaracháin poiblí in Éirinn a thabhairt cothrom le dáta. Lean an Foras air ag iniúchadh acmhainn margáí nua i ngeilleagair éiritheacha agus ag neartú caidrimh le roinnt institiúidí agus scoileanna riaracháin poiblí san Eoraip atá ar bun idir an Foras agus na scoileanna sin cheana. Tá an Foras ina phointe teagmhála le haghaidh gníomhaíochtaí 'Nasctha' an AE ó 1999. Tá Nascadh ina uirlis réamh-aontachais i gcónaí, uirlis atá ar fáil do gach tír is iarrthóir agus do thíortha atá chun a bheith ina n-iarrthóirí. Ina theannta sin bíonn an Foras ag gníomhú mar phointe teagmhála náisiúnta don gclár 'An Eoraip do Shaoránaigh' atá á pháirtmhaoiniú ag an AE agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Mar chuid dá dhualgais mar phointe teagmhála náisiúnta bhí an Foras ina óstach do sheimineár lae i mí Mheithimh 2013 do líonra Eorpach na bpointí teagmhála náisiúnta. Le linn an tseimineáir seo pléadh na príomhcheisteanna a chuirfí faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Ciosamhairc agus Cultúir ag cruinniú a bhí níos déanaí i mí Mheithimh. Bhí deis ag an ngrúpa leis, bualadh leis an lontaobhas um Oideachas Uileloiscthe na hÉireann atá ag fáil maoinithe trí Europe for Citizens agus ar éirigh leis comhpháirtíochtaí a chur ar bun ar a thionscadal Crocus, le roinnt tíortha ar a n-áirítear Málta, an Chróit, an Pholainn, an Bhulgáir agus Poblacht na Seice.

Bhíomar i mbun tairisceana idirnáisiúnta do thionscadail nua ar fud na bliana. Shaothraíomar roinnt deiseanna chonarthaí a fháil a bhain le hobair ó institiúidí AE, cláir tógála inniúlachta sa Tuirc, sa Mholdóiv, sa Rómáin, sa Mhacadóin, agus i Montainéagró. Lena chois sin bhíomar ag tabhairt tacaíochta do chomh-institiúidí sa Bhulgáir agus sna Balcáin Thiar.

Lean an Foras air ag obair go dlúth as láimh a chéile le hÚdarás Bainistíochta Airgeadais na Sualainne ar bhonn na cuairte rathúla a thug sé ar Éirinn in 2012 agus thug sé cuairt eile ar Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2013. Chuaigh rannpháirtithe a bhfuil feidhm bainistíochta airgeadais acu agus atá ag obair in aireachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla na Sualainne lena n-áirítear na póilíní, an tSeirbhís Príosúin agus Promhaidh agus an Bord Náisiúnta um Shláinte agus Leas i mbun pléite le seirbhísigh shinsearacha ó earnáil poiblí na hÉireann le linn imeachta suimiúla spreagúla a lean ar aghaidh ar feadh trí lá. Fuair siad léargas ar an tslí ina dtéann an earnáil poiblí in Éirinn i ngleic le tionscnaimh athraithe éagsúla, le saincheisteanna rialachais, le pleanáil gnó agus le tomhas feidhmíochta.

Ina theannta sin chothaigh an Foras an comhoibriú seanbhunaithe atá aige leis an Scoil Réigiúnach um Riarachán Poiblí i réigiún na mBalcán Thiar. Thug sé treoir, comhairle, oiliúint agus saineolas maidir le bainistiú acmhainní daonna di, mar aon le hoiliúint in earcaíocht agus roghnú. Institiúid idirnáisiúnta is ea an Scoil Réigiúnach um Riarachán Poiblí a cuireadh ar bun mar chomhthionscadal de chuid an AE agus tíortha na mBalcán Thiar chun comhoibriú réigiúnach i riarachán poiblí, i mbainistiú acmhainní daonna agus in athchóiriú na státseirbhíse idir a cuid ballstát a chothú agus a neartú. Cuireann an scoil cláir oiliúna nuálacha cáilíochtúla, imeachtaí líonraithe, scéimeanna soghluaisteachta, comhdhálacha agus staidéir chomparáideacha ar fáil do riaracháin poiblí i dtíortha na mBalcán Thiar agus féachann sé le cinntiú go ndéanfar luachanna comhroinnte an mheasa, na caoinfhuilgthe, an chomhoibríthe agus an chomhtháthaithe a athneartú agus a chur i ngníomh ar fud na riarachán poiblí sa réigiún.



TERESA CASSERLY  
Stiúrthóir,  
Seirbhísí Idirnáisiúnta



Mar chuid d'uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh bhí an Foras ina óstach do chomhdháil dhá lá do Stiúrthóirí Institiúidí agus Scoileanna Riaracháin Phoiblí i mí Bhealtaine 2013. D'fhreastail breis is cúig thoscaire is tríocha air lenár áiríodh ionadaithe ar scoileanna agus ar institiúidí ó thíortha den AE agus ó thíortha lasmuigh de. Ba é téama foriomlán na comhdhála ná *Crisis in Europe and the Implications for Institutes and Schools of Public Administration* (Géarchéim san Eoraip agus mar a théann sí i bhfeidhm ar Institiúidí agus Scoileanna Riaracháin Phoiblí). Ábhar díospóireachta fíorshuimiúil ab ea é sin a spreag tuairimí agus léargais éagsúla maidir leis an tslí ina raibh ag éirí leis na scoileanna agus institiúidí éagsúla sa ghéarchéim agus conas a bhí siad ag freagairt di. Chuir an Foras Riaracháin a staidéar cáis féin i láthair ina bpléitear athrú inmheánach a bhfuil sé ag tabhairt faoi le roinnt bheag blianta anuas. Ar nós an Fhorais, choinnigh cuid de na scoileanna agus institiúidí a gcéannacht agus a neamhspleáchas ach comhchuimsíodh cuid eile go hiomlán laistigh de chomhlachtaí acadúla agus comhlachtaí rialtais.


Faoi dheireadh thiar, i mí na Samhna 2013 bhí an Foras ina óstach do thoscaireacht cúigear ionadaithe déag ar bhordais ón Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus d'ionadaithe ar Chomhghrúpa Cathracha an dá eintitis. Tugadh deis do na toscairí rudaí a fhoghlaim mar gheall ar shaghsanna comhoibríthe a n-éiríonn leo, idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus earnáil na n-údarás áitiúil in Éirinn, rud lena n-áirítear eolas faoin tslí ina n-oibríonn an córas rialtais áitiúil in Éirinn agus conas mar a chuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta le beartais áitiúla agus mar a chuireann siad le clár oibre straitéiseach bliantúil. Bhain an Foras tairbhe as líonra fairsing eagraíochtaí agus pearsanra na hearnála poiblí chun na toscairí a chur in aithne do thionscnaimh nua atá ar bun chun tacú le pobail agus gníomhaireachtaí áitiúla i dtreo is go mbainfear cuimsiú sóisialta, athmhuintearas agus comhionannas amach.

Agus sinn tiomanta d'oiliúint, comhairle agus foghlaim ghníomhaíochta a chur ar fáil atá ar aon dul le comhthéacs polaitiúil, cultúrtha agus oibríochta ár gcliant idirnáisiúnta, táimid ag súil le tairbhe a bhaint as ár líonra fairsing de theagmhálacha idirnáisiúnta le linn na bliana seo chugainn d'fhonn ár ngealltanas a chomhlíonadh riacharán poiblí éifeachtúil a chur chun cinn go hidirnáisiúnta agus dea-chleachtas ó sheirbhís phoiblí na hÉireann a thaispeáint dóibh.

TERESA CASSERLY  
Stiúrthóir, Seirbhísí Idirnáisiúnta

An Foras Riaracháin  
(Seirbhísí Leabharlainne & Faisnéise)

# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE & FAISNÉISE



# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE & FAISNÉISE

An Foras Riaracháin  
(Seirbhísí Leabharlainne & Faisnéise)

Is é an Foras an t-aon eagraíocht sa tír seo a bhfuil sainleabharlann don riarachán poiblí aige. Tá an leabharlann dírithe ar chomhairle agus rochtain a chur ar fáil ar fhaisnéis trí leabhair, irisí agus trí acmhainní ar líne.

Tá an leabharlann suite ar Bhóthar Lansdún. Cuireann sí seirbhís iasachta, thagartha agus fhaisnéise ar fáil do mhic léinn, d'fhoireann agus do bhaill an Fhorais. Lena chois sin freagraítear ceisteanna ó dhaoine eile tríd an nguthán nó trí ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, irisí, bhunachair shonraí leictreonacha, thuarascálacha staitisticí agus ar fhoilseacháin oifigiúla faoi ghnáthréimse an riaracháin poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo réimse leathan ábhar lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, sláinte, airgeadas agus rialtas áitiúil.

Is í aidhm na Leabharlainne ná an fhaisnéis cheart agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil sa bhformáid is oiriúnaí i dtráth cuí do réimse cliant ilghnéitheach atá scaipthe ar fud na tíre agus lasmuigh di. Tá seomraí léitheoireachta ar fáil chun staidéar a dhéanamh, chun leabhair a léamh agus a fháil ar iasacht agus chun teacht a fháil ar acmhainní leictreonacha. Féadann mic léinn cianoideachais leas a bhaint as an tseirbhís tríd an ghuthán, trí ríomhphost nó trí rochtain ar bhunachair shonraí agus ar na mílte alt irise lán-téacs trí shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin. Is féidir ábhair nach bhfuil á gcoinneáil ag an leabharlann a iarraidh trí sheirbhís iasachta idirleabharlainne agus is féidir earraí a sholáthar mar chóip chrua nó mar chóip leictreonach.

Le linn an téarma is iad amanna oscailte na leabharlainne ná ó 9.15 a.m. go 8 p.m. Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.15 p.m. ar an Aoine. Bíonn amanna oscailte teoranta i bhfeidhm ar fhormhór na Satharn le linn an téarma. Tá eolas iomlán agus an t-eolas is deireanaí maidir le huaireanta oscailte ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin.

PATRICIA TROTTER  
Leabharlannaí



PATRICIA TROTTER  
Leabharlannaí



# FOILSITHEOIREACTH



# FOILSITHEOIREACHT

An Foras Riaracháin  
(Foilitheoireacht)

Tá baint ag obair Rannóg na bhFoilseachán le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde níos leithne an Fhorais mar chuid den Whitaker School of Government and Management agus is bunús tábhachtach eolais agus faisnéise í chun treoir a thabhairt do chleachtas an riaracháin phoiblí. In 2013 seoladh leabhar ar institiúidí polaitiúla na hÉireann mar aon leis an t-ochtú eagrán is daichead den *Administration Yearbook & Diary*, a sheol an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton, TD. Lena chois sin foilsíodh ceithre eagrán den iris *Administration*, agus lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag cur tionscadail chomhairleacha i gcrích d'eagraíochtaí na hearnála poiblí. Ina theannta sin cuireadh tús le hathbhreithniú ar ghníomhaíocht foilitheoireachta.

## LEABHAIR

Seoladh *An Introduction to Irish Planning Law* (dara eagrán), le Berna Grist, Dé Céadaoin an 20 Márta. Ba é an t-aoi onóra an Breitheamh Onórach Colm Mac Eochaidh a sheol an leabhar. Sa leabhar seo tugtar forbheathnú ar dhlí pleanála in Éirinn, réimse dlí atá thar a bheith casta, i dteanga neamh-dhlíthiúil ach tugtar na tagairtí uile do na hAchtanna agus na Rialacháin éagsúla.

Seoladh *Reforming Political Institutions: Ireland in Comparative Perspective*, le John Coakley, Dé Máirt 10 Meán Fómhair. Ba é an t-aoi onóra, David Farrell, Ollamh le Polaitíocht ag CÓBÁC agus Uachtarán ar Chomhlachas Staidéir Pholaitiúil na hÉireann. Sa leabhar seo déantar cioradh ar an gcás le haghaidh athchóiriú institiúidí polaitiúla na hÉireann cosúil leis an Seanad, an Uachtaránacht agus córas toghcháin na Dála. Tugtar moltaí maidir le córais an rialtais a nuachóiriú agus a shruthlíniú.

Lena chois sin foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas thar ceann Rannóg Thaighde an Fhorais:

- TREOCHTAÍ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ 2013
- SPREAGADH SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ
- OIRIÚNACH DON FHEIDHM? TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN AN ATHCHÓIRITHE AR AN tSEIRBHÍS PHOIBLÍ
- RIALTAS ÁITIÚIL A ATHRÚ ÓN mBONN ANÍOS
- RIACHTANAIS ACMHAINNE AGUS INNIÚLACHTA SA RIALTAS ÁITIÚIL
- AN STRUCHTÚR RIALACHAIS FO-NÁISIÚNTA IN ÉIRINN ATÁ AG ATHRÚ

Tá liosta iomlán d'fhoilseachán an Fhorais Riaracháin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Fhorais Riaracháin ([www.ipa.ie](http://www.ipa.ie)). Is féidir leabhair a cheannach tríd an áis 'click-pay' atá le fáil ar an suíomh gréasáin.

## TRÉIMHSEACHÁIN

Foilsíodh an *Administration Yearbook & Diary 2014* i mí na Nollag. Is é an *Yearbook & Diary* an bunachar sonraí is mó a mbaintear úsáid as i saol gnó na hÉireann, idir phoiblí agus phríobháideach.

Foilsíodh ceithre eagrán d'iris an Fhorais, *Administration*, le linn na bliana. Áiríodh orthu seo athbhreithniú ar an earnáil phoiblí in 2012 mar aon le heagrán speisialta ar rialachas réigiúnach ([www.ipa.ie/administration](http://www.ipa.ie/administration)).

## COMHAIRLEACHT FOILSITHEOIREACHTA

Lean Rannóg na bhFoilseachán ag cur saineolais ar fáil ó thaobh tionscadail foilitheoireachta a tháirgeadh agus a bhainistiú ar son eagraíochtaí eile na hearnála poiblí. Táirgeadh an *Irish Probation Journal* thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus an Probation Board, Éire Thuaidh/Theas.

RICHARD BOYLE  
Ceann Foilitheoireachta



AOI ONÓRA AN BREITHEAMH ONÓRACH COLM MAC EOCHAIDH ag caint ag seoladh an dara eagrán de *An Introduction to Irish Planning Law*.



BRIAN CAWLEY, ARD-STIÚRTHÓIR, AN FORAS RIARACHÁIN, AGUS AOI ONÓRA JOAN BURTON, TD, An tAire Coimirce Sóisialaí, ag seoladh an *Administration Yearbook & Diary 2014* (*Bliániris agus Dialann Riaracháin 2014*).



An Foras Riaracháin  
(Dámhachtainí & Buaiteoirí Duaiseanna)

# DÁMHACHTAINÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA





# DÁMHACHTAINÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA

An Foras Riaracháin  
(Dámhachtainí & Buaiteoirí Duaiseanna)



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna OÉ an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Attracta Halpin, Clárathoir, OÉ; an Dr Maurice Manning, Seansailéir, OÉ; Caitlin McComish, buaiteoir duaise, BA (Onór.) (Bainistíocht); Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin; agus Michael Malone, Bainisteoir Contae, Comhairle Chontae Chill Dara.



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna OÉ an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Frank Murray, Cathaoirleach, Coiste Oideachais an Fhorais; Robert Watt, Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Karen Kennedy, buaiteoir duaise, M Eol. (Gnó agus Bainistíocht); Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin; agus an Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta, An Foras Riaracháin.

Bronnadh dioplómaí, céimeanna baitsiléara agus céimeanna iarchéime ar 750 mac léinn san iomlán le linn 2013. Bhí na searmanais bhronnta ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé hAoine an 13 Nollaig 2013. Ba iad seo a leanas na duaiseanna a bronnadh:

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Cúram Sláinte)  
An chéad áit: Mairéad Egan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)  
An chéad áit (roinnte): Pamela Doyle, Carol Ann Toolan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht TF)  
An chéad áit: John Martin Murphy

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Dlí & Riarachán Ceartais)  
An chéad áit: Kathleen Callanan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Rialtas Áitiúil)  
An chéad áit: Orla Hastings

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht)  
An chéad áit: Caitlin McComish

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Phoiblí)  
An chéad áit: Jennifer Reid

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)  
An chéad áit: Orla Donnelly

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.) (Bainistíocht Córais Fhaisnéise)  
An chéad áit: Colette English

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.) (Margaíocht)  
An chéad áit: Charlene Carroll

Duais CIMA ar an mac léinn is fearr i gcúrsa Baitsiléara i Staidéar Gnó (Onór.) (Cuntasaíocht)  
Colette Coghlan

Mac léinn fochéime na bliana 2013 de chuid an Whitaker School of Government & Management  
Comhbhuaiteoirí: Colette Coghlan, Orla Hastings

Teastas Gairme i Rialachas  
An chéad áit: Derek Tierney

Dioplóma Gairmiúil i Staitisticí Oifigiúla le haghaidh Measúnú Beartais  
An chéad áit (roinnte): Avril Butler, Daniel Joseph Forde

Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí  
An chéad áit: Jane Dollard

Cláir Máistreacht Ealaíon  
An chéad áit: Aileen O'Reilly

Máistreacht Ealaíon (Ceartas Coiriúil)  
An chéad áit: Ronan MacDonald

**An Foras Riaracháin**  
(Dámhachtainí & Buaiteoirí Duaiseanna)

---

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)  
An chéad áit: John Tiernan

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)  
An chéad áit: Aisling Tallon

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)  
An chéad áit: Christine Brosnan

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)  
An chéad áit: Gerard Murray

Máistreacht in Eolaíocht Eacnamaíoch in Anailís Beartais  
An chéad áit: Barry Comerford

Máistreacht Eolaíochta i nGnó & Bainistíocht (Bainistíocht Airgeadais)  
An chéad áit: David Farrell

Máistreacht Eolaíochta i nGnó & Bainistíocht (Bainistíocht Acmhainní Daonna)  
An chéad áit: Karen Kennedy

Mac léinn Iarchéime na bliana 2013 de chuid an Whitaker School of Government  
& Management  
Barry Comerford

Dioplóma i Staidéar Státseirbhíse & Gníomhaireachta Stáit  
An chéad áit: Mary Gilsenan

Dioplóma i Staidéar an Aontais Eorpaigh  
An chéad áit: Timothy O'Brien

Dioplóma in Eacnamaíocht na Sláinte  
An chéad áit: Claire Gorry

Dioplóma i mBainistíocht Sláinte  
An chéad áit (roinnte): an Dr Bernadette Lynch, an Dr Martin Mulroy

Dioplóma i mBeartas Seirbhíse Sláinte  
An chéad áit: Aoife Crowley

Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna  
An chéad áit: Edel Farrelly

Dioplóma sa Dlí  
An chéad áit: Mildred Dunne

Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil  
An chéad áit: Jeremy Wales

Dioplóma i mBainistíocht  
An chéad áit: Noelle Cotter



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna OÉ an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir, OÉ; an Dr Maurice Manning, Seansailéir, OÉ; Kathleen Callanan, buaiteoir duaise, BA (Onór.) (Dlí & Riarachán Ceartais); agus Tom Considine, Uachtarán, An Foras Riaracháin.



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna OÉ an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Denis O'Brien, Cláraitheoir, An Fóras Riaracháin; Avril Butler, buaiteoir duaise, Dioplóma Gairmiúil i Staitisticí Oifigiúla le haghaidh Measúnú Beartais; an Dr Steve MacFeely, Ard-Stiúrthóir Cúnta, An Príomhoifig Staidrimh; Daniel Forde, buaiteoir duaise, Dioplóma Gairmiúil i Staitisticí Oifigiúla le haghaidh Measúnú Beartais; agus an Dr Chris Sibley, Staitisteoir, An Príomhoifig Staidrimh.



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna OÉ an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir, OÉ; an Dr Maurice Manning, Seansailéir, OÉ; Mairéad Egan, buaiteoir duaise BA (Onór.) (Bainistíocht Cúram Sláinte); an Dr Michael Mulreaney, Ard-Stiúrthóir Cúnta, an Foras Riaracháin; agus an Dr Frank Murray, Cathaoirleach, Coiste Oideachais an Fhorais Riaracháin.



# FOR-ROCHTAIN





# FOR-ROCHTAIN

An Foras Riaracháin  
(For-rochtain)

Faoi mar a dúradh i dtuarascálacha bliantúla cheana, is é an Foras an eagraíocht atá tiomnaithe do ghairm na seirbhíse poiblí. Dá thoradh sin, bítear ag brath go leanúnach ar shaineolas foireann an Fhorais i slíe eile seachas soláthar seirbhísí díreach. Ó am go chéile, feidhmíonn siad i bpoist ceannaireachta sna comhlachtaí gairmiúla lena mbaineann siad, chomh maith. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de ghréasán Eorpach ceannairí scoileanna agus institiúidí riaracháin poiblí san AE agus bhí sé mar chathaoirleach ar an ngréasán le linn uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2013.

Is comhalta seasta é an Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta, ar an nGrúpa Athbheithnithe Beartais agus Luach ar Airgead arna thionól ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is Cathaoirleach é an Dr Richard Boyle ar Líonra Measúnaithe na hÉireann agus is ball é den ghrúpa taighde measúnaithe idirnáisiúnta maidir le measúnú beartais agus cláir.

Tá cúigear ball foirne ina mbaill neamhfheidhmiúcháin de choistí iniúchóireachta i roinnt ranna rialtais, údarás áitiúil, agus comhlachtaí státurraithe; tá triúr díobh ag feidhmiú mar chathaoirleach agus leasathaoirleach na gcoistí. Tá roinnt ball foirne ina n-ardoifigigh in Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasaíochta Poiblí agus in Institiúid Chairte Cuntasóirí Bainistíochta. De bhreis air sin, tá roinnt ball foirne ag feidhmiú mar rúnaithe coistí seachtracha ar nós coiste do chinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit, é sin, nó tá siad ag fónamh ar bhord comhlachtaí cosúil leis an gComhairle um Phleanáil Scoir.

Déanann an Foras éascaíocht do roinnt líonraí neamhfhoirmiúla chun dea-chleachtas a scaipeadh agus eolas, taithí agus saineolas a roinnt. Mar shampla, tacaíonn an Foras le líonra príomhfheidhmeannaigh chomhlachtaí stáit, le líonra cinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit agus le fóram do chathaoirligh ar ghrúpálacha éagsúla na hearnála poiblí.

Le linn 2013, d'óstaigh an Foras roinnt seimineár maidine chun comhrá agus plé a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus seirbhíseach sinsearach poiblí ar cheisteanna tábhachtacha. Foilsíodh trí eagrán de nuachtlitir leictreonach an Fhorais, ezine, chomh maith le linn na bliana.

Reáchtáladh comhdháil bhliantúil an Fhorais dar teideal *Maintaining the Momentum: Reform Priorities After the Troika Programme*. (An Dul chun Cinn a choimeád ar siúl: Tosaíochtaí an Athchóirithe i ndiaidh Clár an na Triúrachta) ar an 1 Samhain sa bhForas Riaracháin. Labhair na cainteoirí seo a leanas ag an gcomhdháil: Robert Watt, Ardrúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Sir John William Elvidge, Iar-rúnaí Buan Rialtas na hAlban; an tOllamh Colin Talbot, Ollscoil Manchester; an tOllamh Brigid Laffan, Stiúrthóir Ionad Robert Schuman um Ard-Staidéir ag an Institiúid Ollscoile Eorpach; agus Johnny Ryan, Príomhoifigeach Nuálaíochta an *The Irish Times*.

# RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS



# RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHOIRIS

An Foras Riaracháin  
(Rialachas & Riarachán an Fhoiris))

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea an Foras Riaracháin, a ionchorpraíodh sa bhliain 1963. Feidhmíonn sé faoi choimirce na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, is eagraíocht neamhbhrabúis é a bhfuil stádas carthanais aige agus é faoi réir iniúchta reachtúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an Foras á rialú ag Bord — faoi chathaoirleacht Donal Connell, Príomhfheidhmeannach An Post, faoi láthair. Bord is ea é ar a bhfuil ionadaithe tofa/ainmnithe ó earnálacha éagsúla an riaracháin phoiblí, ó bhainistíocht agus ó fhoireann an Fhoiris, ón earnáil ollscoile agus na gceardchumann, mar aon le hionadaí thar ceann na mac léinn. Feidhmíonn an Bord trí chruinnithe a dhéantar a sceidealú go míosúil agus trí cinn d'fhochoistí buana Boird: An Coiste Airgeadais agus Straitéise, a phléann saincheistanna faoi bhainistíocht airgeadais straitéiseach, oibreacha caipitiúla san áireamh; an Coiste Riaracháin, a dhéanann monatóireacht ar an ngnáth-fheidhmíocht oibriúcháin, ar shaincheistanna acmhainní daonna, srl, agus a reáchtálann a chuid cruinnithe de réir mar a bhíonn gá leo; agus an Coiste Iniúcháireachta, a phléann rialachas airgeadais, measúnú riosca agus maoirseacht na timpeallachta rialaithe. Ina theannta sin, tá Coiste Oideachais ann a chuireann comhairle ar fáil maidir le cúrsaí agus cáilíochtaí oideachais agus a dhéanann monatóireacht orthu, agus Coiste Foilsitheoireachta Leabhar, a thugann comhairle ar straitéisí foilseachán.

Bíonn Uachtarán an Fhoiris i gceannas ar an gcruinniú cinn bliana agus bíonn tacaíocht aige ó roinnt leas-uachtarán. Reáchtáladh 50ú cruinniú cinn bliana an Fhoiris an 26 Meitheamh 2013. Tá ainmneacha na n-oifigeach oinigh, na gcomhaltaí Boird, chomh maith le hainmneacha baill fochoistí an Bhoird ar an taobh istigh de chlúdach tosaigh na tuarascála bliantúla seo.

## TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tuairiscíonn Raymond Dolan:

Bhuail an coiste le chéile ceithre uaire le linn 2013. Chomhlíon sé a fheidhm trí tacú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maidir le bainistíú airgeadais, maoirseacht agus rialachas corparáideach a chomhlíonadh. Áirítear ar na gníomhaíochtaí a bhí ar bun againn le linn na bliana athbhreithniú a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais bliantúla, ar rialuithe airgeadais inmheánacha agus ar chlár na rioscaí corparáideacha; monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chód Rialachais do Ghníomhaireachtaí Stáit agus lámhleabhar rialachais chorparáidigh a tugadh cothrom le dáta a fhaomhadh; maoirseacht a dhéanamh ar chlár an iniúcháir inmheánaigh; agus a chinntiú go gcomhlíontar gach oibleagáid bhainteach eile. Ina theannta sin bhuail sé le hionadaí iniúcháirí an Fhoiris - an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE AIRGEADAIS & STRAITÉISE

Tuairiscíonn Dónall Connell:

Bhí sé chruinniú ag an gcoiste le linn na bliana. I bhfianaise seasamh airgeadais an Fhoiris a bheith ag cobhsú den chéad uair ó thús na timpeallachta deacra trádála sa bhliain 2008 dhírigh an coiste a aird ar fhorbairt straitéiseach an ghnó. Rinne an coiste athbhreithniú ar thuarascálacha rialta ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar chur i ngníomh pleananna gnó an Fhoiris le haghaidh 2013 agus ar dhul chun cinn go ginearálta a bhí á dhéanamh maidir leis an bplean straitéise corparáideach 2011-2015. Lena chois sin d'fhaomh an coiste buiséad na bliana 2013 agus rinne athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar na cuntais bhainistithe thréimhsiúla agus na réamh-mheastacháin airgeadais.

Ina theannta sin thug an coiste comhairle don Bhoird maidir le roinnt saincheistanna tábhachtacha straitéise a d'eascair le linn na bliana, dul chun cinn an chomhghuallaíochta straitéiseach idir an Foras agus COBÁC san áireamh.



CYRIL SULLIVAN

Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta agus Rúnaí Cuideachta



CHRISTINE MCNALLY

Bainisteoir Acmhainní Daonna



## TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE RIARACHÁIN

Ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste in 2013.

### BALLRAÍOCHT

Is comhlacht gairmiúil é an Foras do sheirbhísigh phoiblí. Is eagraíocht ballraíochta é chomh maith. Déanann sé freastal ar bhaill atá ag obair sa státseirbhís, sna húdaráis áitiúla, sa tseirbhís sláinte, i gcomhlachtaí státurraithe, san earnáil oideachais, sa Gharda Síochána agus sna fórsaí cosanta agus ar a chuid mac léinn ar baill iad, leis. Coinnítear baill ar an eolas maidir le hábhair reatha a bhaineann le bainistíocht phoiblí trí theacht a bheith acu ar shainfhaisnéisiú, ríomh-nuachtlitr agus tríd an irisleabhar *Administration*, agus is féidir leo lascaín a fháil ar fhoilseacháin agus ar sheirbhísí eile. Téitear i gcomhairle le baill maidir le ceistanna bainistíochta poiblí agus soláthar seirbhíse an Fhorais amach anseo agus ar an gcaoi seo cuireann siad le forbairt ghairmiúil an Fhorais. Faoi láthair tá 69 mball corparáide ag an bhForas agus 1,200 ball aonair idir mhic léinn agus bhaill den phobail i gcoitinne a bhfuil suim acu ann.

### TINREAMH AN BHOIRD 2013 – TIONÓLADH 5 CHRUINNIÚ

AINM	AN LÍON CRUINNITHE I LÁTHAIR	CEAPTHA/SCORTHA
Patricia Byron	2	Scortha 4 Meán Fómhair 2013
Brian Cawley	5	
Donal Connell	4	
Raymond Dolan	4	
Des Dowling	1	Scortha 15 Aibreán 2013
Breeda Doyle	4	
David Feeney	4	
Jim Fleming	3	Ceaptha 23 Márta 2013
Connie Kelleher	4	
Michael Malone	3	Ceaptha 2 Bealtaine 2013
John McCarthy	2	Ceaptha 6 Meán Fómhair 2013
Brian Nolan	4	
Peter Nolan	0	
Barry O'Brien	0	Scortha 4 Feabhra 2013
Niamh O'Donoghue	3	
Martin O'Halloran	1	Ceaptha 29 Samhain 2013
Frances Spillane	1	
John Tierney	2	Scortha 15 Aibreán 2013

TINREAMH AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA 2013 – TIONÓLADH 4 CHRUINNIÚ

AINM	AN LÍON CRUINNITHE I LÁTHAIR	CEAPTHA/SCORTHA
Brian Cawley	4	
Raymond Dolan	3	
Jim Fleming	3	Ceaptha 23 Márta 2013
Connie Kelleher	2	
Brian Nolan	2	
Peter Nolan	0	
Frances Spillane	1	

TINREAMH AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE 2013 – TIONÓLADH 6 CHRUINNIÚ

AINM	AN LÍON CRUINNITHE I LÁTHAIR	CEAPTHA/SCORTHA
Brian Cawley	6	
Donal Connell	6	
Des Dowling	1	Scortha 15 Aibreán 2013
Breeda Doyle	4	
David Feeney	6	
Michael Malone	4	Ceaptha 2 Bealtaine 2013
John McCarthy	2	Ceaptha 6 Meán Fómhair 2013
Barry O'Brien	0	Scortha 4 Feabhra 2013
John Tierney	0	Scortha 15 Aibreán 2013

Ní raibh aon chruinniú ag an gCoiste Riaracháin in 2013.

## BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA

Tar éis roinnt ball den bhfoireann a ath-imlonnú chuig comhlachtaí eile den státseirbhís in 2012 agus tar éis atheagrú mór inmheánach a dhéanamh bhíomar ag díriú ar chomhdhlúthú in 2013 agus ar na ról agus na próisis nua a shocrú isteach agus a dhaingniú. Ghlac líon beag ball foirne sos gairme agus d'fhill beirt bhall ar an bhForas tar éis dóibh a bheith ar iasacht le linn uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Tugadh isteach nuachtlitir nua don bhfoireann agus táirgeadh dhá eagrán di le linn 2013. Lean na cruinnithe foirne míosúla orthu ag soláthar fóraim le haghaidh an eolais is déanaí ar cheisteanna inmheánacha agus seachtracha araon.

Ba é an t-am ceart é chun féachaint ar thorthaí an chomhdhlúthaithe a rinneadh le déanaí ach ina theannta sin bhí orainn súil a chaitheamh ar thodhchaí an Fhorais agus ar na hacmhainní foirne a bheith ag teastáil uaidh chun leanúint air ag tacú le cliaint trí shainchomhairle, oideachas, taighde, oiliúint agus comhairleacht. Dá bhrí sin cuireadh tús le beart pleanála maidir le lucht saothair agus bhí sé sin críochnaithe, nach mór, faoi dheireadh na bliana.

Tugadh Comhaontú Bhóthar Haddington isteach i mí Iúil 2013 agus cuireadh téarmaí an chomhaontaithe i ngníomh. Lena chois sin tugadh córas bainistíthe fheidhmíochta isteach ag tús na bliana 2013.

Cuireadh tús leis an *Staff Handbook* (Lámhleabhar Foirne) agus tugadh roinnt beartas cothrom le dáta chun na hathruithe a léiriú atá ag tarlú san earnáil phoiblí.

Cuireadh oiliúint agus oideachas ar fáil don bhfoireann lena n-áirítear oiliúint ar chórais nua TF a tugadh isteach in 2013. Ina theannta sin tacaíodh tacaíodh le baill foirne chun freastal ar chomhdhálacha, seimineáir agus cúrsaí tríú leibhéal a bhaineann le hábhar d'fhonn a gcuid saineolais agus a gcuid eolais a chothú.



# FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS



# FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

An Foras Riaracháin  
(Feidhmíocht Airgeadais)

Leagtar amach sna ráitis airgeadais seo a leanas oibríocht airgeadais an Fhorais i leith na bliana go mionsonraithe. Le linn 2013 tháinig faoiseamh ar na deacrachtaí trádála a bhí ag an bhForas sna blianta roimhe seo agus dá thoradh sin chobhsaigh a chúrsaí airgeadais. I gcomórtas le 2012 bhí laghdú beag ar an ioncam oibríochta, €10.6m, síos ó €10.9m. Is ionann sin agus laghdú ábhairín os cionn 2%. Bhí a bharrachas oibríochta níos fearr ná mar a bhíothas ag súil, is é sin, €299,217, i gcomparáid le €139,091 in 2012. Ba iad laghdú costais is mó is cúis leis an leibhéal barrachais seo, laghdú leanúnach ar chostais phá san áireamh.

Bhí tuillimh an Fhorais comhdhéanta de sheirbhísí oiliúna agus idirnáisiúnta (28%), agus ioncam ó tháillí oideachais (37%), ioncam ó thaighde (3%), ioncam ó fhoilseacháin agus ó bhallaíocht (6%), scaoileadh deontais chaipitil (2%) agus deontas (24%) arna íoc ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. In 2013 bhí ioncam as gníomhaíocht oiliúna ag cobhsú den chéad uair ó 2008.

D'éirigh go breá leis an bhForas a chuid costas neamhphá a laghdú ó 2008 agus d'éirigh leis clár laghdaithe costais phá a chur i ngníomh ó 2012, na laghduithe a eascraíonn as Comhaontú Bhóthar Haddington a rinneadh in 2013 agus atheagrú mór inmheánach san áireamh. Chomhlíon an Foras Riaracháin beartas an Rialtais go huile is go hiomlán maidir le pá na seirbhíse poiblí chomh maith lena chuid oibleagáidí maidir leis an scéim phinsin foirne. Tar éis ciste pinsin an Fhorais a aistriú chuig an gcúlchiste Náisiúnta Pinsin in 2010, léirítear an ranníocaíocht pinsin bhliantúil mar 'ranníocaíocht leis an Státchiste' sna Ráitis Airgeadais. Tháinig laghdú beag air seo in 2013, síos go €1.70m ó €1.78m sa bhliain roimhe. Leanann leibhéal na ranníocaíochta pinsin a íocann an fostóir mar a bhí roimhe (is é sin, 34.6% de thuarastail) agus aistriú an chiste chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean déanta.

Tá na costais mhaoinithe le haghaidh áis na hiasachta fadtéarmaí arna húsáid chun Uimh. 55, Bóthar Lansdún a cheannach (ceannaithe in 2006), bunaithe ar rátaí úis idirbhainc, a thit le linn 2013. Dá thoradh sin gearradh ús bliana iomláine €31,763, i gcomparáid le €77,205 in 2012. Níor cuireadh aon mhóroibreacha caipitil i gcrích in 2013.

Maidir le bainistíocht airgeadais ar an iomlán, nuair a thógtar san áireamh na coinníollacha deacra trádála a lean sa tír, d'éirigh leis an bhForas a chuid airgeadais a chobhsú le linn 2013 agus bhain sé barrachas oibríochta amach. Lena chois sin tá cúlchistí clár comhardaithe an Fhorais go maith i gcónaí le breis is €13m (is cosúil leis seo a bhí siad roimh 2005).

## FEABHSÚCHÁIN AR NA CÓRAIS INMHEÁNACHA

Ar aon dul le straitéis chórais faisnéise an Fhorais, rinneadh tuilleadh forbairtí ar bhonneagar TF inmheánach an Fhorais idir chrua-earraí agus bhogearraí. Tá an-tábhacht ag baint i gcónaí le Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS) an Fhorais Riaracháin mar phríomhthacaíocht chun réamh-mheastacháin chruinne a ullmhú go tráthúil don bhfoireann bainistíochta agus don Bhord. Nuashonraíodh príomhghnéithe de bhonneagair chórais an Fhorais le linn 2013, rud lena n-áirítear uasghrádú ar chórais stórála agus cúlaca an Fhorais chomh maith le córas nua teileafóin líonra-bhunaithe (atá bunaithe ar ardán teileafónaíochta 'phrótacal Idirlín guthaithe' (VoIP)). Rinneadh tuilleadh forbartha ar chórais bhainistíochta inmheánacha i rith na bliana, le háiseanna tuairiscithe feabhsaithe ar chórais faisnéis bhainistíochta ó Chóras Bainistíochta Airgeadais (FMS) an Fhorais Riaracháin a bheith á chur ar fáil ar fud an Fhorais. De bhreis air seo réachtáil an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta roinnt seisiúin feasachta airgeadais don bhfoireann ar fad. In 2014 leanfaimid orainn ag díriú, mar cheann dár bpríomhchuspóirí, ar thuairisciú faisnéise bainistíochta den scoth a sholáthar agus ar thuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhearta feidhmíochta neamhairgeadais.

## IONCHAIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH 2014

Mar a dúradh thuas chobhsaigh cúrsaí airgeadais an Fhorais tuilleadh in 2013 mar thoradh ar an obair a rinneadh sna blianta roimhe sin agus meastar go leanfaidh an cobhsú ar aghaidh in 2014. Ní dócha go dtiocfaidh aon fhás suntasach ar ioncam an Fhorais roimh 2016 ar a luaithe, tráth a mheastar a mbeidh téarnamh ag teacht ar eacnamaíocht na hÉireann. De réir buiséadú an Fhorais le haghaidh 2014 beidh láimhdeachas €10.4m aige le barrachas oibríochta €145,000. Beidh an Foras Riaracháin ag leanúint air ag lorg deiseanna nua chun a bhunús ioncaim a choinneáil agus a mhéadú laistigh agus lasmuigh den tír seo.

## COMHLÍONADH

Chomhlíon an Foras a oibleagáidí maidir lena oibleagáidí airgeadais, cánachais agus rialála le linn 2013 agus lean sé d'athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a struchtúir rialachais chorparáidigh.



# NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013



# CLÁR ÁBHAIR

An Foras Riaracháin  
(Na Ráitis Airgeadais)

---

STIÚRTHÓIRÍ & EOLAS EILE	41
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LEIS AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013	42
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE	43
RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH	44
RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	46
NÁ RÁITIS AIRGEADAIS	47
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	52

# STIÚRTHÓIRÍ & EOLAS EILE

An Foras Riaracháin  
(Na Ráitis Airgeadais)

---

## STIÚRTHÓIRÍ

D. Connell (Cathaoirleach)  
N. O'Donoghue (Leas-Chathaoirleach)  
B. Cawley (Ard-Stiúrthóir)  
P. Byron (Scortha Meán Fómhair 2013)  
R. Dolan  
D. Dowling (Scortha Aibreán 2013)  
B. Doyle  
D. Feeney  
J. Fleming (Ceaptha Márta 2013)  
C. Kelleher  
M. Malone (Ceaptha Bealtaine 2013)  
J. McCarthy (Ceaptha Meán Fómhair 2013)  
B. Nolan  
P. Nolan  
B. O'Brien (Scortha Feabhra 2013)  
M. O'Halloran (Ceaptha Samhain 2013)  
F. Spillane  
J. Tierney (Scortha Aibreán 2013)

---

## INIÚCHÓIRÍ

Ard-Reachtair Cuntas & Ciste,  
Caisleán Bhaile Átha Cliath,  
Baile Átha Cliath 2.

---

## ATURNAETHA

O'Donnell Sweeney Everards Solicitors,  
Ardán Port an Iarla,  
Baile Átha Cliath 2.

---

## RÚNAÍ AGUS OIFIG CHLÁRAITHE

Cyril Sullivan,  
59 Bóthar Lansdún,  
Baile Átha Cliath 4.

---

## PRÍOMH- BHAINCÉIRÍ

Banc Aontas Éireann,  
Ionad an Bhainc,  
Droichead na Dothra,  
Baile Átha Cliath 4.



# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LEIS AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

An Foras Riaracháin  
(Na Ráitis Airgeadais)

## RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

1. Ceanglaíonn dlí cuideachtaí ar na stiúrthóirí Ráitis Airgeadais a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais, ina dtugtar léargas fíorcheart cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar bharrachas na cuideachta i leith na tréimhse sin. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú ní mór do na stiúrthóirí:
  - Beartais chuntasáiochta chúí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach ansin;
  - Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh;
  - Sonrú cé acu ár cuireadh nó nár cuireadh na caighdeáin chuntasáiochta is infheidhme i bhfeidhm, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar sna Ráitis Airgeadais agus a mhínítear iontu;
  - Na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chúí a coinneáil ina léirítear go réasúnta cruinn am ar bith staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2013. Tá siad freagrach leis, as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir, chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

2. Tá an Foras i mbun gníomhaíochtaí atá dírithe ar staidéar a dhéanamh ar riarachán poiblí agus ar a chaighdeán a chur chun cinn, ar tuiscint gairme a fhorbairt i seirbhísigh phoiblí agus ar comhthuiscint a chothú idir an pobal agus seirbhísigh phoiblí.

## ATHBHREITHNIÚ AR FHORBAIRTÍ GNÓ AGUS AR FHORBAIRTÍ AMACH ANSEO

3. Bhí an leibhéal gnó agus an staid airgeadais ag deireadh na bliana araon sásúil agus measann na stiúrthóirí go gcoinneofar an leibhéal gníomhaíochta atá againn faoi láthair sa tréimhse atá amach romhainn, ar a laghad.

## TORTHAÍ

4. Tá an cuntas ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana agus an leithghabháil ina leith leagtha amach ar leathanach 47.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

5. Tá an ráiteas sábháilteachta riachtanach a éilítear de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 forbartha ag an mBord.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

6. De réir rialachais chorparáidigh, tá struchtúr coiste éifeachtúil bunaithe ag an mBord chun cabhrú le comhlíonadh a chuid freagrachtaí. Tá téarmaí tagartha foirmiúla atá faofa ag an mBord ag gach coiste, agus tuairisciú gach coiste don Bhord ar a ghníomhaíochtaí go tréimhsiúil. Ba iad na coistí a bhí ag feidhmiú an 31 Nollaig 2013 ná an Coiste Riaracháin, an Coiste Iniúcháireachta, agus an Coiste Airgeadais agus Straitéise. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú bliantúil ar rioscaí oibriúcháin gnó, ar son an Bhoird.

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT

7. Níl an chuideachta ag gabháil d'aon taighde agus forbairt thar a ceann féin.

## LEABHAIR CHUNTAIS CHUÍ

8. Chun a chinntiú go gcoimeádtar leabhair chuntais chúí de réir Ailt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, tá pearsanra atá cáilithe go cuí fostaithe agus cuirtear acmhainní cuí ar fáil d'fheidhm airgeadais na cuideachta. Tá na leabhair chuntais in oifig chláráithe na cuideachta ag 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4.

## INIÚCHÓIRÍ

9. Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as cuntais na cuideachta a iniúchadh de réir Ailt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Thar ceann an Bhoird,

*David Feeney*      *Breeda Doyle*

DAVID FEENEY

BREEDA DOYLE

## STIÚRTHÓIRÍ

1 Bealtaine 2014,  
Baile Átha Cliath

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAS

An Foras Riaracháin  
(Na Ráitis Airgeadais)

## AN FORAS RIARACHÁIN

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Fhorais Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na mbeartas cuntasáochta atá leagtha amach iontu agus cuimsítear iontu an Ráiteas ar Bheartais Chuntasáochta, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus Cailteanas aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir mar atá leagtha síos faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013 agus de réir an Chleachtas Chuntasáochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn.

## FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar a barrachas nó a heasnamh, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá mise freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt ina dtaobh de réir an dlí is infheidhme.

Déanaimse m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (R.A. agus Éire) agus i gcomhréir le Caighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

## RAON FEIDHME AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoina nochtar sna ráitis airgeadais ar leor iad chun cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid ina bonn leis. Áirítear air seo measúnú orthu seo a leanas:

- Cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasáochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta agus ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus ar nochtadh nó nár nochtadh go cúí iad;
- Réasúntacht meastachán cuntasáochta suntasach a rinne na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; agus
- Cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Chomh maith leis sin féachaimse le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn m'iniúchta.

Ina theannta sin léim an Tuarascáil Bhliantúil chun neamhrialtachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aimsiú agus chun faisnéis ar bith a aimsiú atá, de réir dealraimh, mícheart ó thaobh ábhair de,

i gcomparáid leis an bhfaisnéis atá faighte agam agus mé i mbun na hiniúcháireachta, é sin, nó nach réitíonn léi ó thaobh ábhair de. Má thagaim ar aon mhíríteas ábhartha dealraitheach breithním na hiamhairtí a bheadh i gceist maidir le mo thuairisc.

## TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- Go dtugtar iontu léargas fíor cruinn, de réir an Chleachtas Cuntasáochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2013 agus ar a barrachas don bhliain 2013; agus
- Gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 1963-2013.

## CÚRSAÍ A bhFUIL ORM TUAIRISCIÚ ORTHU DE RÉIR ACHTANNA NA gCUIDEACHTAÍ, 1963 GO 2013

Fuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. Is í mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chúí coinnithe ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.


Is í mo thuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil an Stiúrthóra ag teacht leis na ráitis airgeadais.

## CÚRSAÍ A dTUAIRISCÍM ORTHU TRÍ EISCEACT

Tuairiscím trí eisceacht:

- Má tugadh faoi deara i m'iniúchadh ásc ábhartha ar bith nár úsáideadh airgead chun na críocha a raibh sé beartaithe dóibh nó nach raibh idirbhearta déanta de réir na n-údarás a bhfuil siad á rialú acu; nó
- Mura bhfuil an t-eolas a thugtar sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi; nó
- Mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach go bhfuil an Cód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an gcuideachta; nó
- Nach ndearnadh nochtuithe reachtúla maidir le pá na stiúrthóirí ná maidir le hidirbhearta le stiúrthóirí; nó
- Má thugaim faoi deara cúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an tsli inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí a ndéantar tuairisciú orthu trí eisceacht.



PATRICIA SHEEHAN

LE HAGHAIDH AGUS THAR CEANN  
AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

12 Bealtaine 2014

# RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

An Foras Riaracháin  
(Na Ráitis Airgeadais)

The Admhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as córas rialaithe airgeadais an Fhorais Riaracháin. Admhaíonn sé leis, nach féidir le haon chóras rialaithe airgeadais ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a chur ar fáil, i gcoinne aon earráidí ábhartha. Tá na rialuithe inmheánacha airgeadais a bhí i bhfeidhm san Fhoras i rith 2013 leagtha amach anseo thíos.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord agus chun rialú airgeadais éifeachtach a thabhairt:

## A) AN TIMPEALLACAHT RIALAITHE

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chúil i bhfeidhm, mar seo a leanas:

- Nósanna imeachta foirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coiste éagsúla, chun monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí an fhoireann bhainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- Cultúr láidir cuntasáíochta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá nósanna imeachta rialaithe airgeadais curtha ar fáil do gach ball foirne, lena n-áirítear nósanna imeachta soláthair agus nósanna imeachta maidir le féichiúnaithe agus creidiúnaithe.

Cuirtear teorainneacha caiteachais i bhfeidhm go docht maidir le gach leibhéal bainistíochta. Rinneadh athbhreithniú ar na teorainneacha seo a in 2013. Déanann Oifig Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar an rialú seo, trí scrúduithe láimhe agus trí scrúduithe uathoibríthe leictreonacha.

Tá feidhm scartha comhsheasmhach curtha i bhfeidhm maidir códú agus údarú ar fud aonad gnó an Fhorais agus déanann an Oifig Airgeadais monatóireacht lárnach air.

Oibríonn an fheidhm soláthair le haghaidh caiteachais ar fhorchostais ar bhonn na gcaighdeán a aontaíodh leis an Stiúrthóir Airgeadais agus leis na Seirbhísí Tacaíochta agus tá sé faoia ag an Ard-Stiúrthóir agus ag an Bhord.

## B) RIOSCAÍ GNÓ AGUS IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS A AITHINT

Mar a dhéantar go bliantúil sa bhForas Riaracháin, rinneadh athbhreithniú riosca gnó le linn na bliana, a raibh grúpa den bhfoireann bainistíochta shinsearach bainteach leis. Díródh aird ar na rioscaí suntasacha a bhí ann do ghnó an Fhorais Riaracháin agus ar na gníomhaíochtaí maolaithe a bhí riachtanach. Táthar ag tabhairt aghaidhe ar na rioscaí gnó a aithníodh san athbhreithniú trí plean corparáideach an Fhorais a chur i bhfeidhm (clár rioscaí ar leibhéal corparáideach) ar an gcéad dul síos, agus tríd an bpróiseas pleanála gnó ina dhiaidh sin. Maidir le 2013, rinne an Bord athbhreithniú ar phleananna gnó an Fhorais i gceann gach leathbhliana agus ar a gníomhaíochtaí bainistithe riosca ag gach cruinniú dá chuid. Maidir le 2014, déanfaidh gach rannóg gnó a cuid gníomhaíochtaí maolaithe riosca a shníomh isteach ina gcuid pleananna gnó bliantúla.

## C) NA CÓRAIS FAISNÉISE

Ar chórais faisnéise an Fhorais áirítear pacáiste comhtháite cuntasáíochta bhainistíochta agus airgeadais darb ainm "Integra". Tá modúil chomhtháite leictreonacha le haghaidh rialú airgeadais ar an gcóras maidir le hioncam, caiteachas, féichiúnaithe, creidiúnaithe, ordú ceannaigh, párolla, taisteal agus liúntas cothaithe foirne agus sócmhainní seasta. Tá formhór na rialuithe próiseála faisnéise uathoibríthe laistigh de na córais leictreonacha; i measc na rialuithe tá údarú cuí, deighilt dualgas agus scanadh doiciméad agus taifead bunaidh. Rialaítear próiseáil faisnéise an Fhorais le sraith iomlán de nósanna imeachta rialaithe. Lena chois sin, tá roinnt córas tacaíochta gnó comhtháite sa chóras bainistíochta airgeadais (FMS). Oibríonn Rannóg Foilsitheoireachta an Fhorais Riaracháin modúl um Phróiseáil Orduithe Díolachán (SOP) ina bhfreastalaítear ar ordú díolachán, ar shonrascú agus ar rialú stoic. Baineann an Rannóg Oiliúna leas as córas comhtháite Riaracháin agus Bainistíochta Oiliúna (TAMS) chun próiseas áirithintí agus sonrasc na gcliant a bhainistiú. Maidir lenár gclár Oideachais, bainistíonn córas comhtháite Faisnéise agus Riaracháin Mac Léinn (SIAS) clárú mac léinn agus bailiú táillí.



## D) NÓSANNA IMEACHTA CHUN MONATÓIREACTH A DHÉANAMH AR ÉIFEACTH AN CHÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS

Ullmhaítear cuntais bhainistíochta mhíosúla ina gcuirtear ioncam agus caiteachas buiséadaithe i gcomparáid leis an ioncam agus caiteachas a tabhaíodh go hiarbhrí. Déanann an grúpa bainistíochta sinsearach athbhreithniú ar na cuntais seo. Déanann siad scrúdú mionsonraithe ar na hidirbhearta agus na gníomhaíochtaí is bonn leo d'fhonn iomláine agus cruinneas a chinntiú. Cuirtear na cuntais seo faoi bhráid an Bhoird go ráithiúil.

Próiseas fairsing is ea an próiseas buiséadaithe bliantúil. Ceapann gach aonad buiséad mionsonraithe maidir le hioncam agus le caiteachas díreach, a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe maidir le caiteachas caipitiúil chomh maith. Ina theannta sin, oibríonn an Foras córas forásach trí bliana de bhuiséadú ilbhliantúil

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an bhForas ach déantar í a sheachfhoinisú faoi láthair. Ullmhaítear clár iniúchóireachta mionsonraithe gach bhliain agus déanann an Bord é a fhaomhadh trína Choiste Iniúchóireachta. Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar an bplean iniúchta inmheánaigh. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta na tuarascálacha iniúchóireachta a ullmhaítear, lena n-áirítear cur i bhfeidhm moltaí.

Déanann Rannóg Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar idirbhearta ioncaim agus caiteachais chun a chinntiú go gcomhlíonann gach ceann de na haonaid ghnó na caighdeáin maidir le beachtas, bailíocht agus oiriúnacht.

## E) ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL

Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha airgeadais an Fhorais a bhí i bhfeidhm i rith 2013. Rinne Bord an Fhorais athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ag a chruinniú an 13 Feabhra 2014.

Thar ceann an Bhoird,



DONAL CONNELL  
Cathaoirleach



BRIAN CAWLEY  
Ard-Stiúrthóir

1 Bealtaine 2014,  
Baile Átha Cliath

# RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

An Foras Riaracháin  
(Na Ráitis Airgeadais)

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le hathluacháil talún agus foirgneamh.

## A) IONCAM

Déantar ioncam a chur san áireamh ar bhonn infhaighteachta seachas suibscríbhinní. Cuirtear in ioncam iad nuair a fhaightear iad. Cuirtear táillí cúrsa san áireamh in ioncam táillí agus tugtar isteach in ioncam iad le linn tréimhse an chúrsa.

## B) SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Déantar sócmhainní seasta, foirgnimh san áireamh, a lua ag a gcostas stairiúil nó ag luacháil lúide dímhéas carnach. Déantar dímhéas a áireamh ar bhonn agus ar rátaí atá luaite thíos, a mheastar a laghdóidh na sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saolré oibre a bhfuil súil leis:

Foirgnimh ruilse	2%	De réir méid chothroim
Áitribh ar léas	2%	De réir méid chothroim
Troscán & Feistis	5%	De réir méid chothroim
Trealamh	10%	De réir méid chothroim
Leabhair Leabharlainne	20%	Iarmhéid laghdaithe
Innill oifige	25%	De réir méid chothroim
Sócmhainní ar léas	33.3%	De réir méid chothroim
Foirgnimh réamhdhéanta	33.3%	De réir méid chothroim

Tosaíonn dímhéas sa bhliain a dtagann an tsócmhainn chun bheith in úsáid. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Níor ghlac an Foras le beartas athluachála; mar sin féin sular glacadh le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 15 'Sócmhainní Seasta Inláimhsithe'. I gcomhréir le forálacha an chaighdeáin, choimeád an Foras na luachálacha seo mar a léirítear i Nóta 9.

## C) STOIC

Rinneadh stoic a luacháil, ar aon dul le blianta roimhe sin, ag a gcostas nó ag glanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Tá soláthar déanta, nuair is gá, do stoc atá críon agus a ghluaiseann go mall.

## D) FEICHIÚNAITHE

Déantar drochfhíacha aitheanta a dhíscríobh agus déantar socrúithe ar leith i dtaobh aon suimeanna a mheastar nach dócha go mbaileofar iad.

## E) DEONTAIS CAIPITIL

Caitear le deontais chaipitil a bhaineann le sócmhainní seasta mar chreidmheasanna iarchurtha agus déantar iad a amúchadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar saolré úsáideach mheasta na sócmhainní.

## F) SÓCMHAINNÍ AR LÉAS

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chaipitliú agus a áireamh le sócmhainní faoi úinéireacht den chineál céanna sa Chlár Comhardaithe. Áirítear comaoineacha faoi léasanna airgeadais le dliteanais, déantar iad a anailísiú idir dliteanais reatha agus dliteanais fadtéarmacha. Cuirtear iocáíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

## G) COSTAIS PHINSIN

Tá scéim phinsin shochair shainithe i bhfeidhm do gach fostaí de chuid an Fhorais Riaracháin, mar is cuí. I gcomhréir le forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, aistríodh sócmhainní ciste pinsin an Fhorais, a bhí tomhaiste ag luach cóir, go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 30 Meitheamh 2010. Tá an scéim phinsin i bhfeidhm i gcónaí le haghaidh na mball reatha gan aon tionchar ar a leasa ná ar sholáthar gaolmhar do bhaill.

Déantar dliteanais pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach leis an modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid, agus léiríonn siad luach reatha iocáíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. De réir na socrúithe maoinithe pinsin aithnítear sócmhainn arb ionann a mhéid agus an dliteanas seo agus léiríonn sé méideanna atá le n-aisíoc i dtréimhsí amach anseo trí dheontas ón Oireachtas.

Cuimsíonn an múirear pinsin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ranníocáíocht an Fhorais atá iníoctha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó dháta an aistriúithe de réir na socrúithe maoinithe.

## NA RÁITIS AIRGEADAIS

### RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

IONCAM	Nóta	2013 €	2012 €
Ioncam ó tháillí	1	7,205,970	7,369,416
Díol foilseachán	2	349,216	420,353
Suibscríbhinní		281,793	295,079
Vote 42 – Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Deontas i gCabhair	3	2,654,000	2,654,000
Amúchadh an deontais chaipitil	13	149,823	149,823
		10,640,802	10,888,671

### LÚIDE: CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN

Costais dhíreacha	5	2,726,997	2,405,840
Costais tuarastail	6	4,519,932	5,159,831
Caiteachas Riaracháin	7	1,360,344	1,325,807
Ús iníoctha agus a leithéid de mhuirir		31,763	77,205
		8,639,036	8,968,683
Barrachas oibriúcháin don bhliain		2,001,766	1,919,988
Lúide ranníocaíocht an Státhiste maidir le pinsin	15c	(1,702,549)	(1,780,897)
Barrachas tar éis ranníocaíochta an Státhiste		299,217	139,091

### RÁITEAS AR GHLUAISEACHTÁÍ I mBARRACHAS CARNTHA

Barrachas carntha amhail an 1 Eanáir 2013		221,338	82,247
Barrachas don bhliain		299,217	139,091
<b>BARRACHAS CARNTHA AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2013</b>		<b>520,555</b>	<b>221,338</b>

Baineann an barrachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 le gníomhaíochtaí leantacha.



RÁITEAS MAIDIR LE hIOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA

	2013 €	2012 €
Barrachas don bhliain	299,217	139,091
Iomlán na nGnóthachan/Caillteanas sa bhliain	299,217	139,091

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 46 agus na nótaí ar leathanaigh 52-60.

*David Feeney*      *Breeda Doyle*

DAVID FEENEY  
Comhalta an Bhoird

BREEDA DOYLE  
Comhalta an Bhoird

# NA RÁITIS AIRGEADAIS

## AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2013

SÓCMHAINNÍ SEASTA	Nóta	€	2013 €	€	2012 €
Sócmhainní inláimhsithe	9		16,235,336		16,635,490

## SÓCMHAINNÍ REATHA

Stoic	8	122,263		153,500	
Feichiúnaithe	10	1,516,232		1,378,112	
Airgead sa bhanc agus ar láimh		1,467,714		1,285,554	

3,106,209 2,817,166

## CREIDIÚNAITHE

Méideanna a bheidh dlíthe laistigh de bhliain amháin	11	2,701,508		2,706,279	
--	----	-----------	--	-----------	--

Glanshócmhainní/(Dlíteanas) reatha			404,701		110,887
------------------------------------	--	--	---------	--	---------

Iomlán na Sócmhainní líúide dlíteanas reatha			16,640,037		16,746,377
--	--	--	------------	--	------------

Áis morgáiste 20 bliain	11		(3,394,974)		(3,650,708)
-------------------------	----	--	-------------	--	-------------

Iomlán na sócmhainní líúide dlíteanas			13,245,063		13,095,669
---------------------------------------	--	--	------------	--	------------

Dlíteanas pinsin fadtéarmach	15(a)		(52,883,000)		(50,200,000)
------------------------------	-------	--	--------------	--	--------------

Sócmhainn pinsin iarchurtha	15(a)		52,883,000		50,200,000
-----------------------------	-------	--	------------	--	------------

Glanshócmhainní			13,245,063		13,095,669
-----------------	--	--	------------	--	------------

## CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ

Cúlchistí	14		11,761,548		11,761,548
-----------	----	--	------------	--	------------

Barrachas carntha ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	14		520,555		221,338
---	----	--	---------	--	---------

Deontais Chaipitil	13		962,960		1,112,783
--------------------	----	--	---------	--	-----------

13,245,063 13,095,669

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 46 agus na nótaí ar leathanaigh 52-60.

*David Feeney*      *Breeda Doyle*

DAVID FEENEY  
Comhalta an Bhoird

BREEDA DOYLE  
Comhalta an Bhoird

### RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

#### RÉITEACH AN BHARRACHAS OIBRIÚCHÁIN LE GLAN-INSREABHADH AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

	€	2013 €	€	2012 €
Barrachas oibriúcháin tar éis ranníocaíochta an Stáitchiste		299,217		139,091
Ús glan	31,763		77,205	
Dímheas	549,009		530,925	
Amúchadh deontas	(149,823)		(149,823)	
Laghdú/(Méadú) ar Stoc	31,237		34,014	
Laghdú/(Méadú) ar Fheichiúnaithe	(138,120)		356,001	
Laghdú ar Chreidiúnaithe	(4,771)		(243,456)	
	319,295		604,866	
Glan-Insreabhadh/(As-sreabhadh) as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		618,512		743,957

### RÁITEAS SREABHADH AIRGID

Glan-insreabhadh airgid as gníomhaíochtaí oibriúcháin		618,512		743,957
---	--	---------	--	---------

#### FÁLTAS AS INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS

Ús íochta		(31,763)		(77,205)
-----------	--	----------	--	----------

#### SREABHADH AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA

Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach		(148,855)		(84,565)
---	--	-----------	--	----------

#### SREABHADH AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS

Laghdú ar Áis morgáiste 20 bliain		(255,734)		(299,863)
-----------------------------------	--	-----------	--	-----------

Méadú/(Laghdú) airgid sa bhliain		182,160		282,324
----------------------------------	--	---------	--	---------

**RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)**

RÉITEACH AN AIRGID GHLAIN LE GLUAISEACHT I nGLANFHIACHAIS	2013 €	2012 €
Méadú/(Laghdú) ar airgead	182,160	282,324
(Méadú)/Laghdú ar áis morgáiste 20 bliain	255,734	299,863
<hr/>		
Gluaiseacht i nglanfhíachas sa bhliain	437,894	582,187
Glanfhíachas amhail 1 Eanáir	(2,365,154)	(2,947,341)
<hr/>		
<b>Glanfhíachas amhail 31 Nollaig</b>	<b>(1,927,260)</b>	<b>(2,365,154)</b>

**ANAILÍS AR ATHRUITHE AR GHLANCHISTÍ/(-FHIACHAIS)**

	Amhail 31 Nollaig 2012	Sreabhadh airgid	Amhail an 31 Nollaig 2013
Airgead ar láimh/sa bhanc	1,285,554	182,160	1,467,714
Áis morgáiste 20 bliain	(3,650,708)	255,734	(3,394,974)
<hr/>			
<b>Iomlán</b>	<b>(2,365,154)</b>	<b>437,894</b>	<b>(1,927,260)</b>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 46 agus na nótaí ar leathanaigh 52-60.

*David Feeney*      *Breeda Doyle*

DAVID FEENEY  
Comhalta an Bhoird

BREEDA DOYLE  
Comhalta an Bhoird



# NA RÁITIS AIRGEADAIS

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2013

1. IONCAM Ó THÁILLÍ	2013 €	2012 €
Oiliúint	2,974,570	3,411,360
Oideachas	3,959,600	3,620,863
Taighde	271,800	337,193
	<b>7,205,970</b>	<b>7,369,416</b>

## 2. DÍOL FOILSEACHÁN

Ioncam as foilseacháin an Fhorais Riaracháin	349,216	420,353
--	---------	---------

## 3. DEONTAS I gCABHAIR

Fuarthas €2,750,000 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Míníodh €96,000 den méid sin trí shuibscríbhinní agus ba dheontas i gcabhair €2,654,000 de. Ba í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chuir an deontas seo ar fáil i leith dliteanas faoi chaiteachas ginearálta neamh-phá agus tarraingíonn an Foras anuas é ar bhonn bliantúil.

## 4. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN

Luaitear an barrachas oibriúcháin tar éis iad seo a leanas a chur chun dochair nó chun sochair.

(A)	LUACH SAOTHAIR NA STIÚRTHÓIRÍ:		
	Ní íoctar táillí le comhaltaí Bhord an Fhorais Riaracháin. Cé nach ndéanann comhaltaí an Bhoird aon taisteal ar ghnó oifigiúil mar bhaill den Fhoras, tá siad i dteideal costais taistil agus cothú a fháil as a bheith i láthair ag cruinnithe Boird agus fochoistí. Maidir le 2013, níor éiligh ach ball amháin (R. Dolan) costais €912.48 maidir le taisteal agus cothú.		
(B)	Luach saothair an Ard-Stiúrthóra (lena n-áirítear tuarastal, ÁSPC fostóra agus ranníocaíocht i leith pinsin). Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Ard-Stiúrthóra na gnáththeidlíochtaí atá i bhfeidhm i scéim aoisliúntais na hearnála poiblí.	262,962	272,729
	Ba é €3,615.66 costais taistil agus cothabhála an Ard-Stiúrthóra i 2013.		
(C)	Luach saothair an Iniúcháir	18,000	18,000
(D)	Dímheas (Glan de dhiúscairtí)	549,009	530,925
(E)	Ús le n-íoc ar shuimeanna atá le n-aisíoc laistigh de thréimhse atá níos mó ná cúig bliana	31,763	77,205
(F)	Deontas caipitil arna amúchadh	(149,823)	(149,823)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)**

5. ANAILÍS AR CHOSTAIS DHÍREACHA	2013 €	2012 €
Oiliúint	852,748	811,130
Oideachas	1,624,572	1,308,843
Foilseacháin	180,190	218,845
Taighde	32,777	44,530
Costais Ghinearálta	36,710	22,492
	<b>2,726,997</b>	<b>2,405,840</b>

**6. EOLAS FAOI FHOSTAITHE**

(A) Anseo a leanas tugtar anailís ar mheánlín na bhfostaithe buana, stiúrthóirí lánaimseartha san áireamh, a bhí ag an gcuideachta i gcaitheamh na bliana.

Oiliúint	23	23
Oideachas	26	26
Foilseacháin	4	4
Taighde	4	4
Costais Ghinearálta	21	21
	<b>78</b>	<b>78</b>

(B) Cuimsíonn costais tuarastail na cuideachta do na fostaithe go léir:

Tuarastail agus pá	3,936,573	4,576,304
Costais Árachais Shóisialta	507,370	478,436
Plean Leanúnachas Ioncaim	75,989	105,091
	<b>4,519,932</b>	<b>5,159,831</b>

Baineadh tobhadh pinsin €354,970 (2012: €371,518) as agus íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é. Comhlíonadh beartas an rialtais maidir le pá fostaithe an Fhorais ina iomláine le linn 2013.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)

7. ANAILÍS AR CHOSTAIS RIARACHÁIN	2013 €	2012 €
Deisithe, glanadh, cothabháil	286,940	292,488
Dímheas	549,009	530,925
Stáiseanóireacht agus fotachóipeáil	107,676	103,364
Solas, teas, guthán	117,477	119,130
Postas	54,070	68,771
Árachas	23,554	17,634
Gnóthaí Corparáideacha agus Margaíocht	91,778	88,970
Forbairt Foirne	29,793	28,642
Costais ghinearálta	100,047	75,883

	1,360,344	1,325,807
--	-----------	-----------

8. STOIC

Stáiseanóireacht agus leabhair	122,263	153,500
--------------------------------	---------	---------

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)**

9. SÓCMHAINNÍ SEASTA	Talamh & Foirgnimh <sup>(a)</sup>	Meaisíní Oifige	Troscán, Feistis, Trealamh & Leabhair Leabharlainne	Iomlán
COSTAS NÓ LUACHÁIL (AMHAIL 1 EANÁIR 2013)	€	€	€	€
Costas	13,046,220	1,719,447	2,525,495	17,291,162
Athluacháil 1975	177,763			177,763
Athluacháil 1999	7,382,114			7,382,114
	20,606,097	1,719,447	2,525,495	24,851,039
Breiseanna	1,149	31,535	116,171	148,855
<b>Amhail 31 Nollaig 2013</b>	<b>20,607,246</b>	<b>1,750,982</b>	<b>2,641,666</b>	<b>24,999,894</b>
<b>DÍMHEAS</b>				
Amhail 1 Eanáir 2013	4,527,113	1,590,879	2,097,557	8,215,549
Muirir don bhliain	410,365	79,674	58,970	549,009
<b>Amhail 31 Nollaig 2013</b>	<b>4,937,478</b>	<b>1,670,553</b>	<b>2,156,527</b>	<b>8,764,558</b>
<b>GLANLUACH NA LEABHAR</b>				
<b>Amhail 31 Nollaig 2013</b>	<b>15,669,768</b>	<b>80,429</b>	<b>485,139</b>	<b>16,235,336</b>
<b>GLANLUACH NA LEABHAR</b>				
<b>Amhail 31 Nollaig 2012</b>	<b>16,078,984</b>	<b>128,568</b>	<b>427,938</b>	<b>16,635,490</b>

Nóta (a) Sceideal Réadmhaoine agus an Cineál Sealúchais

57-61 Bóthar Lansdún	Ruilse
49-51 Bóthar Lansdún	Ruilse
55 Bóthar Lansdún	Ruilse
Halla Vergemount, Cluain Sceach	Ionann le Ruilse ach íoctar cíós ainmniúil



**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)**

10. FEICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ	2013 €	2012 €
Feichiúnaithe trádála	1,506,232	1,318,849
Réamhíocaíochtaí agus loncam fabhráithe	10,000	59,263

(Ríomhtar féichiúnaithe trádála glan ó sholáthar drochfhiacha €40,000 (2012: €21,437).)	1,516,232	1,378,112
---	-----------	-----------

**11. CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE**

(A) Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

Creidiúnaithe trádála	153,435	188,948
Ioncam iarchurtha ó tháillí	2,043,990	1,991,667
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe éagsúla	324,862	323,167
ÍMAT/ÁSPC	179,221	202,497

	2,701,508	2,706,279
--	-----------	-----------

(B) Áis iasachta fhadtéarmach

€5m Áis 20-Bliain ag Ráta athraitheach	3,394,974	3,650,708
--	-----------	-----------

**12. INFHEISTÍOCHTAÍ GEARRTHÉARMACHA**

Ní raibh aon airgead infheistíochta gearrthearma ann in 2013.

**13. DEONTAIS CHAIPITIL**

Amhail 1 Eanáir	1,112,783	1,262,606
Méid arna amúchadh chuig ioncam sa bhliain	(149,823)	(149,823)

Amhail 31 Nollaig	962,960	1,112,783
-------------------	---------	-----------

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)**

**14. CÚLCHISTÍ**

	Cúlchiste Caipitil	Cúlchiste Ioncaim	Barrachas carntha ar Ioncam agus Caiteachas	Iomlán
	€	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2013	8,110,840	3,650,708	221,338	11,982,886
Aistriú chuig Cúlchistí caipitil	255,734	(255,734)		
Barrachas ar Chuntas ioncaim agus caiteachais			299,217	299,217
<b>Amhail 31 Nollaig 2013</b>	<b>8,366,574</b>	<b>3,394,974</b>	<b>520,555</b>	<b>12,282,103</b>

Cuimsíonn clár comhardaithe an Fhorais an cúlchiste caipitil, cúlchiste ioncaim agus cúlchiste barrachais carnach ar ioncam agus caiteachas. Coinnítear an cúlchiste caipitil chun maoiniú a dhéanamh ar fhorbairt bhonneagar foirgnimh an Fhorais; freastalaíonn an cúlchiste ioncaim ar phríomhshuim na háise fadtéarmaí fiacha morgáiste agus úsáidtear an cúlchiste barrachais carnach chun maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin leanúnacha.

**15. PINSIN**

**(A) Dlíteanas agus Sócmhainn Pinsin**

Faoi mar atá mínithe sa Ráiteas ar Bheartas Cuntasaíochta (g) thuas, aistríodh ciste pinsean an Fhorais go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar 30 Meitheamh 2010 i gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Éagsúla), 2009. Tar éis sócmhainní na scéime a aistriú, ní mór don bhForas ranníocaíocht bhliantúil a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis na pinsin atá dlite le haghaidh íocaíochta a chur san áireamh. Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil sa chás go mbíonn na pinsin a íoctar níos mó ná an ranníocaíocht. Ghlac an Bord le láimhseáil agus nochtadh mar is gá faoin gcaighdeán cuntasaíochta Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (Sochair Scoir) chun na socrúithe atá i bhfeidhm a léiriú. Cé go bhfeidhmíonn an socrú maoinithe ar bhonn glanphá leis an Roinn, creideann an Foras gurb ionann nádúr an tsocrúithe agus aisíocaíocht iomlán na ndlíteanas pinsin nuair a thagann an t-am chun na dliteanas sin a íoc, agus ar an ábhar sin aithníonn sé an ceart atá aige i leith na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith a bheadh cothrom leis an dlíteanas ag deireadh na bliana.

Is é an dlíteanas pinsin FRS17 a bhí ann an 31 Nollaig 2013 ná €52,883,000 (2012: €50,200,000) bunaithe ar luacháil achtúireach na ndlíteanas pinsin maidir le foireann an Fhorais an 31 Nollaig 2013, a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun críche FRS 17. Tá sócmhainn mhaoinithe iarchurtha dar luach €52,883,000 ann atá cothrom leis an dlíteanas an 31 Nollaig 2013 agus aithnítear í mar shócmhainn ar leith sa Chlár Comhardaithe.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)**

GLUAISEACHT I nDLITEANAS PINSIN	Bliain go dtí an 31/12/13 € milliún	Bliain go dtí an 31/12/12 € milliún
LUACH REATHA OIBLEAGÁIDÍ NA SCÉIME AG TOSACH NA BLIANA	50.2	40.4
Costas seirbhíse reatha	0.9	0.8
Costas úis	2.0	2.1
Gnóthachas/Caillteanas Achtúireach	1.2	8.7
Sochair íoctha	(1.3)	(1.7)
Costais íoctha	(0.1)	(0.1)
LUACH REATHA OIBLEAGÁIDÍ NA SCÉIME AG DEIREADH NA BLIANA	52.9	50.2
SÓCMHAINN PHINSIN	52.9	50.2

Tá an ghlan-éifeacht ar Ioncam agus Chaiteachas os cionn nialas.

**(B) COSTAS PINSIN ATÁ AITHEANTA SA RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS**

Ós rud é gur aistríodh sócmhainní an chiste chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2010, níl aon chostas pinsin aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais do 2013. Bhí an scéal mar an gcéanna maidir le 2012.

**(C) RANNÍOCAÍOCHT LEIS AN STÁTCHISTE MAIDIR LE PINSIN**

I gcomhréir leis na socruithe atá leagtha amach i nóta 15a tá ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an Státchiste maidir le pinsin. Tá an ranníocaíocht socraithe ag 34.6% de mhuirear párolla an Fhorais agus cuimsíonn sé ranníocaíocht €1.7m ón Fhoras (2012: €1.78m) mar aon le ranníocaíochtaí €114.428 (2012:€124,793) ó fhostaithe.

Déanann an Foras íocaíochtaí pinsin agus íocaíochtaí gaolmhara thar ceann an Státchiste agus ríomhtar an méid atá iníoctha tar éis íocaíochtaí den sórt seo a chur san áireamh.

Tá méideanna atá iníoctha leis an Státchiste sonraithe thíos:

	2013 €	2012 €
Iarmhéid 1 Eanáir	30,884	149,353
Ranníocaíochtaí ón Fhoras	1,702,549	1,780,897
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	114,428	124,793
Íocaíochtaí pinsin agus íocaíochtaí gaolmhara	(1,450,834)	(1,823,540)
Íocaíochtaí leis an Státchiste	(250,000)	(200,619)
Iarmhéid an 31 Nollaig	147,027	30,884

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)

### (D) CUR-SÍOS AR AN SCÉIM AGUS BOINN TUISCEANA ACHTÚIREACHA

Is é atá sa scéim pinsean ná socrú pinsin sochair sainithe a bhaineann leis an tuarastal deiridh agus ina sainítear na sochair trí thagairt do rialacháin reatha a ghabhann le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (in ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (i dtrí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsean do chéilí agus do leanaí. Is é an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an bhaill. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí. Cuirtear an cleachtas reatha maidir le pinsin a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail san earnáil phoiblí san áireamh agus an oibleagáid maidir le sochar sainithe á meas.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun críche FRS 17:

	Ag deireadh na bliana 31/12/2013	Ag deireadh na bliana 31/12/2012
Ráta méadaithe i dtuarastail	3.00%	3.00%
Ráta méadaithe i bpinsin in íocaíochtaí	3.00%	3.00%
Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-iarchur	3.00%	2.50%
Ráta lascaine	3.80%	4.00%
Boilsciú	1.90%	3.00%

Is iad na príomhthoimhdí básmhaireachta a úsáideadh agus meastachán á dhéanamh ar luach achtúireach dliteanais na scéime ná:

Meánionchas saoil ualaithe do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh amhail an 31 Nollaig 2013:

	Ag deireadh na bliana 31/12/2013	Ag deireadh na bliana 31/12/2012
Ball fireann in aois 65 (lonchas saoil reatha)	23.3	23.2
Ball baineann in aois 65 (lonchas saoil reatha)	24.7	24.6
Ball fireann in aois 45 (lonchas saoil in aois 65)	25.9	25.8
Ball baineann in aois 45 (lonchas saoil in aois 65)	26.9	26.8
Ball fireann in aois 40 (lonchas saoil in aois 65)	26.4	26.3
Ball baineann in aois 40 (lonchas saoil in aois 65)	27.4	27.3

Tá an toimhde básmhaireachta thuas i gcomhréir leis an tábla caighdeánach, rud a cheadaíonn feabhsuithe réamh-mheasta. Ghlac an t-achtúire leis na táblaí básmhaireachta foilsithe '85% PMA 2015' do phinsinéirí atá ann cheana féin agus '85% PMA 2030' do phinsinéirí sa todhcháil. Is ionann na toimhdeanna thuas agus na cinn a úsáideadh i nochtadh na bliana seo caite.

### (E) MAOINIÚ PINSIN

Measann an Foras Riaracháin go n-íocfaidh sé €1.7m leis an Státchiste in 2014.



## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)

### 16. RÉADMHAOIN RUÍLSE AGUS RÉADMHAOIN AR LÉAS DE CHUID AN FHORAIS RIARACHÁIN

57-61 Bóthar Lansdún	Ruílse
49-51 Bóthar Lansdún	Ruílse
55 Bóthar Lansdún	Ruílse
Halla Vergemount, Cluain Sceach	Ionann le Ruílse ach íoctar cíos ainmniúil

### 17. LEASANNA COMHALTAÍ AN BHOIRD

Ghlac an Bord leis na nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais (2009) athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir le nochtadh leasanna comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na comhaltaí.

### 18. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Bord an Fhorais na Ráitis Airgeadais ar an 1 Bealtaine 2014.

# BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS

An Foras Riaracháin  
(Bainistíocht Shinsearach an Fhorais)

---



**An Dr Brian Cawley**

Ard-Stiúrthóir  
bcawley@ipa.ie



**An Dr Michael Mulreany**

Ard-Stiúrthóir Cúnta, Oideachas agus Taighde  
mmulreany@ipa.ie



**Cyril Sullivan**

Stiúrthóir, Airgeadas agus Seirbhísí Tacaíochta, agus Rúnaí Cuideachta  
csullivan@ipa.ie



**Teresa Casserly**

Stiúrthóir, Ceannaireacht agus Bainistíocht, agus Seirbhísí Idirnáisiúnta  
tcasserly@ipa.ie



**Aidan Horan**

Stiúrthóir, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus  
Seirbhísí Airgeadais, agus Seirbhísí Forbartha Gnó  
ahoran@ipa.ie



**An Dr Richard Boyle**

Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidreamh Corparáide  
rboyle@ipa.ie



**Christine McNally**

Ceann Acmhainní Daonna  
cmcnally@ipa.ie